

Register your product and get support at
www.philips.com/welcome

8909C

55PUS8909C

Lámhleabhar

PHILIPS

Ábhar

1 Turas Teilifíse 4

- 1.1 Android TV 4
- 1.2 Ultra HD TV 4
- 1.3 Feidhmchláir 4
- 1.4 Scannán agus Cláir a Chaill tú 4
- 1.5 Líonraí Sóisialta 4
- 1.6 Cuir teilifís ar sos agus Taifeadtaí 4
- 1.7 Cluichíocht 5
- 1.8 Skype 5
- 1.9 3D 5
- 1.10 Fón Chliste agus Táibléid 5

2 Suiteáil 6

- 2.1 Léigh Sábhláteacht 6
- 2.2 Seastán Teilifíse agus Gléasadh Balla 6
- 2.3 Leideanna maidir le Láithriú 6
- 2.4 Cábla Cumhachta 7
- 2.5 Cábla na hAeróige 7
- 2.6 Mias Satailte 7

3 Líonra 9

- 3.1 Nasc le Líonra 9
- 3.2 Socruithe Líonra 10
- 3.3 Gléasanna Líonra 11
- 3.4 Comhroinnt Comhad 11

4 Naisc 12

- 4.1 Leideanna maidir le Naisc 12
- 4.2 EasyLink HDMI CEC 13
- 4.3 CI+ CAM le Cártá Cliste 14
- 4.4 Bosca Bairr - STB 15
- 4.5 Glacadóir Satailte 15
- 4.6 Córas Amharclainne Baile - HTS 16
- 4.7 Seinnteoir Diosca Blu-ray 17
- 4.8 Seinnteoir DVD 18
- 4.9 Consól Cluiche 18
- 4.10 Ceap Stiúrtha 18
- 4.11 Diosca Crua USB 19
- 4.12 Méarchlár nó luch USB 19
- 4.13 Mearóg Chuimhne USB 20
- 4.14 Ceamara grianghraif 21
- 4.15 Camthaifeadán 21
- 4.16 Ríomhaire 21
- 4.17 Cluasáin 22
- 4.18 Callairí gan Sreang 22

5 Ag Casadh Air agus As 23

- 5.1 Air, Fuireachas nó As 23
- 5.2 Gile Logó Philips 23
- 5.3 Roghchlár bunúsach 23
- 5.4 Uaineadóir Codlata 23
- 5.5 Amadóir Casta As 23

6 Cianrialtán 25

- 6.1 Forbhreathnú ar na heochracha 25
- 6.2 Cianrialtán, Pointeoir 26
- 6.3 Guth 27
- 6.4 Méarchlár 27
- 6.5 Nasc leis an teilifís 29

6.6 Braiteoir IR 29

- 6.7 Ceallaí 29
- 6.8 Glanadh 30

7 Roghchlár Baile 31

- 7.1 Oscail an Roghchlár Baile 31
- 7.2 Forbhreathnú 31
- 7.3 Fógraí 31
- 7.4 Cuardaigh 31

8 Ar an teilifís anois 33

- 8.1 Maidir le Ar Theilifís Anois 33
- 8.2 A bhfuil de dhíth ort 33
- 8.3 Ar Theilifís Anois á úsáid 33

9 Feidhmchláir 34

- 9.1 Maidir le Feidhmchláir 34
- 9.2 Feidhmchlár a shuiteáil 34
- 9.3 Tosaigh Feidhmchlár 34
- 9.4 Chrome 34
- 9.5 Glas Feidhmchláir 35
- 9.6 Giúirléidí 35
- 9.7 Bain as Feidhmchláir agus Giúirléidí 35
- 9.8 Glan Cuimhne Idirlín 35
- 9.9 Socruithe Android 36
- 9.10 Téarmaí Úsáide - Feidhmchláir 36

10 Físeán ar éileamh 37

- 10.1 Maidir le Físeán ar Éileamh 37
- 10.2 Scannán a thógál amach ar Cíos 37
- 10.3 Sruthú 37

11 Teilifís Athdheise 38

- 11.1 Maidir le Teilifís ar Éileamh 38
- 11.2 Déan larratas ar Chlár 38

12 Cainéil 39

- 12.1 Ag féachaint ar Chainéil 39
- 12.2 Eolaire Teiliúise 45

13 Naisc, Liosta 47

- 13.1 Athraigh go gléas 47
- 13.2 Braith Gléis 47
- 13.3 Seinn Aon-larracha 47

14 3D 48

- 14.1 A bhfuil de dhíth ort 48
- 14.2 Na Spéaclaí 3D 48
- 14.3 Ag féachaint ar 3D 50
- 14.4 Féachaint 3D is fear 50
- 14.5 Cúram a thabhairt do na Spéaclaí 3D 50
- 14.6 Rabhadh Sláinte 51

15 Ioramharc 52

- 15.1 Maidir le hillamharc 52
- 15.2 An Tascbharra 52
- 15.3 Féach ar Dhá Chainéil Teiliúise 52
- 15.4 Babhtáil Scáileáin 52
- 15.5 Téacs agus Teiliúise 52

16 Cluichí 53

- 16.1 A bhfuil de dhíth ort 53
- 16.2 Socruithe Cluiche 53
- 16.3 Cluiche a Imirt 53
- 16.4 Ceapa Stiúrtha 53
- 16.5 Cluichíocht, Cluiche Scáileán Roinnne 54

17 Meáin 55

- 17.1 Ó Nasc USB 55
- 17.2 Ó Ríomhaire nó NAS 55
- 17.3 Ó Ghléas Soghluaste 55
- 17.4 Físeáin 56
- 17.5 Granghraif 56
- 17.6 Ceol 57

18 Athsheinn 58

- 18.1 A bhfuil de dhíth ort 58
- 18.2 Clár a chur ar sos 58

19 Taifeadadh 59

- 19.1 A bhfuil de dhíth ort 59
- 19.2 Clár a Thaifeadadh 59
- 19.3 Féach ar Thaifeadadh 60

20 Skype 61

- 20.1 Maidir le Skype 61
- 20.2 Tosaigh le Skype 61
- 20.3 Roghchlár Skype 61
- 20.4 Daoine 62
- 20.5 Ag déanamh glao ar Skype 63
- 20.6 Creidmheas Skype 64
- 20.7 Socruithe Skype 64
- 20.8 Ar ais chuig an Teiliifís 65
- 20.9 Sínigh amach: 65

21 Multi Room 66

- 21.1 Maidir le Multi Room 66
- 21.2 A bhfuil de dhíth ort 66
- 21.3 Ag Úsáid Multi Room 66

22 Roinn é seo... 68

23 Philips TV Remote App 69

24 Suiteáil 70

- 24.1 Mear-Socruithe 70
- 24.2 Pictiúr 70
- 24.3 Fuaim 73
- 24.4 Ambilight 76
- 24.5 Socruithe Ginearálta 79
- 24.6 Éicea-Socruithe 80
- 24.7 Inrochtaineacht 80
- 24.8 Lónra 82
- 24.9 Suiteáil Aeróige/Cábla 82
- 24.10 Suiteáil Satailíte 85

25 Bógearáí 89

- 25.1 Nuashonrú Bógearráí 89
- 25.2 Leagan Bógearráí 89
- 25.3 Bógearráí Foinse Oscailte 89
- 25.4 Open Source License 89
- 25.5 Fógraí 110

26 Sonraíochtaí 111

- 26.1 Comhshaol 111
- 26.2 Cumhacht 111
- 26.3 Córas Oibriúcháin 111

- 26.4 Glacacht 112
- 26.5 Taispeáint 112
- 26.6 Toisí agus Meáchain 112
- 26.7 Nascacht 112
- 26.8 Fuaim 112
- 26.9 Ilmheáin 112

27 Tacaíocht 114

- 27.1 Cláraig 114
- 27.2 Fadhbanna 114
- 27.3 Cabhair 115
- 27.4 Cabhair Ar Líne 115
- 27.5 Athdheisiú 116

28 Sábháilteach agus Cúram 117

- 28.1 Sábháilteacht 117
- 28.2 Cúram Scáileán 118

29 Téarmaí Úsáide, Cóipchearta agus Ceadúnais 119

- 29.1 Téarmaí Úsáide - Teiliifís 119
- 29.2 Cóipchearta agus Ceadúnais 119

Innéacs 121

Turas Teilifíse

1.1

Android TV

Tá an Philips TV seo á cumhachtú ag **Android™**.

Díreach cosúil le d'fhón cliste nó do thaibléad, tá na Feidhmchláir is praiticiúla ag do theilifís nua le haghaidh gach sórt siamsaíochta ar do theilifís. Féach ar chainéil teilifíse, imir cluichí ar líne, glaoigh ar chara ar Skype nó díreach labhair leis an teilifís chun an t-amhrán is ansa leat a aimsiú ar an Idirlíon.

Nuair atá an **Philips TV Remote App** ar d'fhón cliste nó do thaibléad, bíonn do chainéil teilifíse ar fáil agat ar do chaoihiúlacht. Seol grianghraif chuig an scáileán teilifíse mór nó féach ar an gclár cócaireachta is ansa leat sa chistin ar do thaibléad. As seo amach, is cuid de do theach soghluaise do theilifís.

Nasc an teilifís le do lónra baile agus leis an Idirlíon.

Android, Google Play and other marks are trademarks of Google Inc. The Android robot is reproduced or modified from work created and shared by Google and used according to terms described in the Creative Commons 3.0 Attribution License.

<http://creativecommons.org/licenses/by/3.0/legalcode>

1.2

Ultra HD TV

Tá taispeáint **Ultra HD** ag an teilifís seo. Tá an taifeach atá aici ceithre oiread níos fearr ná an taispeáint a bhíonn ag gnáthHD. Is é atá i gceist le Ultra HD ná 8 milliún pictiúilín chun an pictiúr is míne agus is fearr a thabhairt ar an teilifís.

Anuas air sin, tionsaíonn an **tInneall Ultra Pixel HD** nua aon chomhartha teilifíse atá ag teacht isteach go taifeach Ultra HD ar bhonn leanúnach. Is féidir leat taitneamh a bhaint as an ardchaighdeán pictiúir seo ón nóiméad a chasan tú do theilifís air. NÓ is féidir leat féachaint ar fhíseáin dhúchasacha Ultra HD trí nasc HDMI. Nuair a fhéachann tú ar an teilifís le Ultra HD, tá an pictiúr glan agus dea-shainithe, fiú ar scáileán mór.



1.3

Feidhmchláir

Tá roinnt **Feidhmchlár** suiteáilte ar do theilifís cheana féin chun cabhrú leat tosú.

Taispeánann na leathanaigh Feidhmchlár an bailiúcháin Feidhmchlár ar do theilifís. Díreach cosúil le Feidhmchláir ar d'fhón cliste nó do thaibléad, tarigeann na Feidhmchláir ar do theilifís feidhmeanna sonracha chun d'eispéireas teilifíse a shaibhriú. Feidhmchlár cosúil le YouTube, Twitter, cluichí teilifíse nó tuartha aimsire (i measc feidhmchlár eile). NÓ oscail Feidhmchlár Brabhsálaí Ídirlín cosúil le Google Chrome chun an tIdirlíon a scimeáil.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh → **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Feidhmchláir**.

1.4

Scannáin agus Cláir a Chaill tú

Níl ort an teach a fhágáil chun **scannán ar cíos** a fháil.

Oscail **Físeán ar Éileamh** agus faigh an scannán is déanaí ar do theilifís go díreach. Oscail an Feidhmchlár siopa físeáin, cruthaigh do chuntas pearsanta, roghnaigh an scannán agus brúigh seinn. Níl aon útamáil le híoslódáil*.

Tá Físeán ar Éileamh ar fáil i dtíortha faoi leith.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh → **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Físeán ar Éileamh**.

* Ag brath ar sheirbhís fí-sruthaithe an tsíopa físeán atá i gceist.

1.5

Líonraí Sóisialta

Ní gá duit éirí chun teachtaireachtaí ó do chara a sheiceáil ar do ríomhaire.

Faigheann tú teachtaireachtaí ó do **líonra sóisialta** ar do scáileán teilifíse. Is féidir leat teachtaireacht a sheoladh ar ais agus tú i do shuí i do sheomra suite. Is é an Twitter le fáil ar an roghchlár Baile 🏙 **Feidhmchláir**.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh → **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Feidhmchláir**.

1.6

Cuir teilifís ar sos agus Taifeadtaí

Má nascann tú **Diosca Crua USB**, is féidir leat craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh ó chainéil teilifíse digití.

Cuir do theilifís ar sos agus freagair an fón, nó díreach bíodh briseadh agat i rith cluiche spóirt. Stórálann an teilifís an craoladh ar an Diosca Crua USB agus is féidir leat féachaint air arís níos deireanaí.

Nuair atá Diosca Crua USB nasctha agat, is féidir leat craoltaí dígeacha a thaifeadadh freisin. Is féidir leat taifeadadh nuair atá tú ag féachaint ar chlár, nó clár atá le craoladh sa todhchaí a sceidealú.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cuir teilifís ar sosnó Taifeadadh**.

1.7

Cluichíocht

Is í an teilifís seo an scáileán mór atá ag teastáil uait le haghaidh **cluichíochta**. Tá sé sách mór do bheirt.


Is féidir leat cluiche a imirt ó Chonsól Cluiche nasctha, ó Fheidhmchlár suiteálte nó díreach cluiche ar líne ar láithreán gréasáin. Is féidir leat an teilifís a athrú go dtí na socruithe is fear a fheileann do chluichíocht chun gluaiseachtaí tapaithd a éascú. Má imríonn tú cluiche il-imreora a bhfuil scáileán roinnt i gceist, is féidir leat an teilifís a shocrú chun gach scáileán a thaispeáint mar scáileán iomlán ag an am céanna. Is féidir le gach imreoir díriú ar imirt a chluiche féin.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cluichíocht**.

1.8

Skype

Nuair atá **Skype™** ar do theilifís agat, is féidir leat cuimhní a chruthú agus a roinnt díreach ó do sheomra suite, fiú nuair nach bhfuil sibh le chéile. Ní gá daoibh bailiú timpeall an ríomhaire a thuilleadh.



Is féidir leat glaonna gutha agus físe Skype-le-Skype a dhéanamh in aisce le gléasanna eile atá cumasaithe do Skype.

Teastaíonn ceamara a bhfuil micreatfón ionsuite aige agus nasc maith leis an Idirlíon uait chun físghlao a dhéanamh. Tá ceamara agus micreatfón ionsuite ag roinnt teilifíseanna Philips.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Skype**.

1.9

3D

Is **Teilifís 3D** do theilifís nua.

Bain taitneamh as an eispéireas tumthach atá i gceist le féachaint ar scannán i 3D. Seinn scannán i 3D ar do Sheinnteoir Blu-ray nó faigh scannán 3D ar cíos ó Shiopa Físeán ón roghchlár Baile, Físeán ar Éileamh.

Úsáideann an teilifís teicneolaíocht 3D Gníomhach chun 3D a thaispeáint ag a taifeach iomlán.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **3D**.

1.10

Fóin Chliste agus Tábléid

Is é an **Philips TV Remote App** do chara nua teilifíse.

Nuair atá an TV Remote App ar d'fhón cliste nó do thaibléad, bíonn tú i gceannas ar na meáin atá timpeall ort. Seol grianghraif, ceol nó físeán chuiig do scáileán mór teilifíse nó féach ar aon cheann de do chainéil teilifíse beo ar do thaibléad nó ar d'fhón. Oscail an Eolaire Teilifíse agus sceidealaithe taifeadadh d'amárrach. Déanfaidh do theilifís sa bhaile an jab duit. Cas air Ambilight+hue agus socraigh na héifeachtaí datha is teolaí i do sheomra suite. Is tú atá i gceannas leis an TV Remote App. B'fhéidir nach ndéanfá ach airde fuaimé na teilifíse a ísliú.

Íoslódáil an Philips TV Remote App ón siopa feidhmchlár is ansa leat inniu.

Tá sé saor in aisce

Tá an Philips TV Remote App ar fáil do iOS agus d'Android.

Suiteáil

2.1

Léigh Sábháilteachta

Léigh na treoracha sábháilteachta i dtosach sula n-úsáideann tú an teilihís.

Chun na treoracha a léamh, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Treoracha Sábháilteachta**.

2.2

Seastán Teilihís agus Gléasadh Balla

Seastán teilihís

Is féidir leat na treoracha chun an seastán teilihís a ghléasadh a fháil sa Treoir Mhearthosaithe a tháinig leis an teilihís. Is féidir leat an treoir seo a íoslódáil ó www.philips.com sa chás gur chaill tú í.

Úsáid uimhir chineál táirge na teilihís chun cuardach a dhéanamh don **Treoir Mearthosaithe** atá le híoslódáil.

Gléasadh Balla

Tá do theilihís ullamh freisin do bhrac ghléasadh balla atá oiriúnach le VESA (díoltar as féin é).

Bain úsáid as an gcód VESA seo a leanas nuair atá an gléasadh balla á cheannach agat . . .

- 55PUS8909C

VESA MIS-F 400x400,M6

Uillmhúchán

Bain na 4 scriú chlaibín plaisteacha amach as na boisc shnáithithe ar chúl na teilihís.

Is féidir leat na 4 spásaire dhubha agus easnacha a úsáid má tá ort droichead a dhéanamh idir an cuar agus poill na scriúnna chun do bhrac ghléasadh balla a fheistiú. Is leor ceathrú casaidh chun na spásairí a fheistiú.

Cinnigh go dtéann na scriúnna miotail thart ar 10mm isteach i mboisc shnáithithe na teilihís chun an teilihís a ghléasadh ar an mbrac atá oiriúnach le VESA.

Rabhadh

Teastaíonn scileanna sainiúla chun an teilihís a ghléasadh ar an mballa agus ní ceart d'aon duine ach pearsanta atá cáilithe tabhairt faoi. Ba cheart go gcomhlíonfadh gléasadh balla na teilihís caighdeán sábháilteachta atá bunaithe ar mheáchan na teilihís. Léigh na réamhchúraim sábháilteachta freisin sula suífidh tú an teilihís.

Ní bheidh TP Vision Europe B.V. le haon fhreagracht as gléasadh míchuí ná aon ghléasadh a mbeidh tionóisc nó gortú mar thoradh air.

2.3

Leideanna maidir le Láithriú


- Cuir an teilifís in áit nach bhfuil solas ag lonrú go díreach ar an scáileán.
- Ísligh an solas sa seomra chun na dálaí is fearr a fháil don éifeacht Ambilight.
- Socraigh an teilifís suas le 15 cm ón mballa.
- Is é an t-achar is fearr le bheith ag féachaint ar an teilifís uaidh ná trí oiread méid fhiarthrasna an scáileáin. Nuair atá tú i do shuí, ba cheart go mbeadh do shuíle ar an leibéal céanna le lár an scáileáin.



2.4

Cábla Cumhactha

- Cuir isteach an cábla cumhactha sa nascóir **POWER** ar chúl na teilifise.
- Bí cinnte go bhfuil an cábla cumhactha curtha isteach go daingean sa nascóir.
- Bí cinnte gur féidir leat rochtain a fháil i gcónaí ar an bpluga cumhactha sa soicéad balla.
- Nuair a díphlugálann tú an cábla cumhactha, tarraing an pluga i gcónaí, ná tarraing an cábla go deo.



D'ainneoin go bhfuil tomhultas cumhactha an-íseal ag an teilifís seo nuair atá sé ar fuireachas, bain amach an cábla cumhactha chun fuinneamh a shábháil mura mbeidh an teilifís in úsáid ar feadh tréimhse fada.

Brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Casadh air** chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi an teilifís a chasadh air agus as.


2.5

Cábla na hAeróige

Cuir isteach pluga na haeróige go daingean sa soicéad **Aeróige** ar chúl na teilifise.

Is féidir leat d'aeróg féin a nascadh nó nasc a dhéanamh le comhartha aeróige ó chóras dálte aeróige. Úsáid nascóir aeróige IEC Coax 75 Ohm RF.

Úsáid an nasc aeróige seo do chomharthaí ionchuir DVB-T agus DVB-C.



2.6


Mias Satailíte

Tuner amháin

Ní mór duit 2 chábla comhionanna a nascadh ó do mhias satailíte go dtí an teilifís chun féachaint ar chainéal satailíte agus chun cainéal eile a thaifeadadh ag an am céanna. Mura bhfuil ar fáil agat ach 1 cábla, ní féidir leat féachaint ar aon chainéal ach amháin an ceann a bhfuil tú ag taifeadadh air.

Nasc an cábla ón mias satailíte go díreach go dtí an nasc **SAT 1**. Úsáid cábla comhaiseach atá in ann mias aeróige satailíte a nascadh. Cinnigh go bhfuil do mhias satailíte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Tiúnóir amháin** i rith na suiteála satailíte.




Dhá Thiúnóir

Ní mór duit 2 chábla comhionanna a nascadh ó do mhias satailte go dtí an teilifís chun féachaint ar chainéal satailte agus chun cainéal eile a thaifeadadh ag an am céanna.

Nasc an chéad chábla ón mias satailte go síreann leis an nasc **SAT 1** agus nasc an dara cábla le **SAT 2**. Úsáid cábla comhaiseach atá in ann mias aeróige satailte a nascadh. Cinnigh go bhfuil do mhias satailte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Dhá Thiúnóir** i rith na suiteála satailte.




Unicable nó MDU

Má tá córas Unicable á úsáid agat, nasc an cábla leis an nasc **SAT**

1. Úsáid cábla comhaiseach atá in ann mias aeróige satailte a nascadh. Cinnigh go bhfuil do mhias satailte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Dhá Thiúnóir** agus **Unicable** ina dhiaidh sin i rith na suiteála satailte.



Líonra

3.1

Nasc le Líonra

Nasc gan Sreang

A bhfuil de dhíth ort

Teastaíonn ródaire Wi-Fi a bhfuil nasc don Idirlón aige chun an teilihís a nascadh leis an Idirlón gan sreang.

Úsáid nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlón.



Déan an Nasc

Gan sreang

Chun nasc gan sreang a dhéanamh...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) Suiteáil.
- 2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Nasc le Líonra**.
- 3 - Cliceáil **Gan sreang**.
- 4 - Cliceáil ar do líonra gan sreang sa liosta de na líonraí a aimsíodh. Mura bhfuil do líonra sa liosta mar go bhfuil ainm an líonra i bhfolach (chas tú craoladh SSID an ródaire as), roghnaigh **Cuir isteach ainm** chun ainm líonra a chur isteach tú féin.
- 5 - Ag brath ar chineál an ródaire, cuir isteach d'eochair criptithe - WEP, WPA nó WPA2. Más rud é gur chuir tú isteach an eochair criptithe don líonra seo cheana féin, is féidir leat **OK** a chliceáil chun an nasc a dhéanamh láithreach.
- 6 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

WPS

Má tá WPS ag do ródaire, is féidir leat nascadh leis an ródaire go díreach gan scanadh a dhéanamh do líonraí. Má tá gléasanna agat i do líonra gan sreang a úsáideann an córas slándála criptithe WEP, ní féidir leat WPS a úsáid.

- 1 - Brúigh HOME chun an roghchlár Baile a oscailt.
- 2 - Cliceáil Feidhmchláir sa roghchlár agus cliceáil Suiteáil.
- 3 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Nasc le Líonra**.
- 4 - Cliceáil **WPS**.

5 - Téigh go dtí an ródaire, brúigh an cnaipe WPS agus téigh ar ais go dtí an teilihís laistigh de 2 nóiméad.

6 - Cliceáil **Nasc** chun an nasc a dhéanamh.

7 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

WPS le cód PIN

Má tá WPS a bhfuil cód PIN air ag do ródaire, is féidir leat nascadh go díreach leis an ródaire gan scanadh a dhéanamh do líonraí. Má tá gléasanna agat i do líonra gan sreang a úsáideann an córas slándála criptithe WEP, ní féidir leat WPS a úsáid.

- 1 - Brúigh HOME chun an roghchlár Baile a oscailt.
- 2 - Cliceáil Feidhmchláir sa roghchlár agus cliceáil Suiteáil.
- 3 - Téigh go dtí **Líonra** agus cliceáil **Nasc le Líonra**.
- 4 - Cliceáil **WPS le cód PIN**.
- 5 - Scríobh síos an cód PIN a bhfuil 8 digit ann atá ar taispeáint ar an scáileán agus cuir isteach i mbogearrá an ródaire ar do ríomhaire É. Faigh comhairle ó threoirleabhar an ródaire faoin áit a bhfuil an cód PIN le cur isteach i mbogearrá an ródaire.
- 6 - Cliceáil **Nasc** chun an nasc a dhéanamh.
- 7 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

Fabhtcheartú

Níor aimsíodh an líonra gan sreang nó tá sé díchumtha

- Tá oighinn micreathannacha, fóin DECT nó gléasanna eile Wi-Fi 802.11b/g/n i do chomharsanacht in ann cur isteach ar an líonra gan sreang.
- Bí cinnte go ligean na ballaí dóiteáin i do líonra rochtain ar nasc gan sreang na teilihise.
- Mura n-oibreoidh an líonra gan sreang i gceart i do theach, bain triail as an líonra sreangaithe a shuiteáil.

Ní oibríonn an tIdirlón

- Má tá an nasc don ródaire ag obair i gceart, seiceáil nasc an ródaire don Idirlón.

Tá an ríomhaire agus an nasc Idirlín mall

- Féach i dtreoirleabhar úsáideora do ródaire gan sreang chun eolas a fháil maidir le raon laistigh, ráta aistrithe nó fachtóirí eile a bhaineann le caighdeán an chomhartha.
- Úsáid nasc Idirlín ardluais (leathanbhanda) do do ródaire.


DHCP

- Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP (Prótacal Óstchumraófacha Diniúncíula) an ródaire a sheicéail. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.

Nasc Sreangaithe

A bhfuil de dhíth ort

Teastaíonn ródaire líonra uait atá naschta leis an Idirlón chun an teilihís a nascadh leis an Idirlón. Úsáid nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlón.



Déan an Nasc

Chun nasc sreangaithe a dhéanamh...

- 1 - Nasc an ródaire leis an teilihís le cábla lónra (cábla Ethernet***).
 - 2 - Bí cinnte go bhfuil an ródaire casta air.
 - 3 - Brúigh agus brúigh (clé) Suiteáil.
 - 4 - Cliceáil **Lónra** agus cliceáil **Nasc le Lónra**.
 - 5 - Cliceáil **Sreangaithe**. Déanann an teilihís cuardach leanúnach don nasc lónra.
 - 6 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.
- Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP an ródaire a sheiceáil. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.
- **Chun rialachán EMC a chomhlónadh, úsáid cábla Ethernet FTP Cat. 5E díonta.

3.2

Socruthe Lónra

Féach ar Shocruthe Lónra

Is féidir leat gach socrú lónra reatha a fheiceáil anseo. An seoladh IP agus MAC, neart an chomhartha, luas, modh criptithe, etc.

Chun na socruthe lónra reatha a fheiceáil...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) Suiteáil.
- 2 - Cliceáil **Lónra** agus cliceáil **Féach ar Shocruthe Lónra**.
- 3 - Brúigh BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cumraíocht Lónra

Mar rogha air sin, más ardúsáideoir tú agus má tá uait do lónra a shuiteáil le seolachán IP Statach, athraigh socrú na teilihísí go **IP Statach**.

Chun an teilihís a shocrú go IP Statach...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) Suiteáil.
- 2 - Cliceáil **Lónra** agus cliceáil **Cumraíocht Lónra**.
- 3 - Cliceáil **IP Statach** agus téigh ar ais go **Lónra**.

4 - Cliceáil **Cumraíocht IP Statach** agus cumraigh an nasc.

5 - Brúigh BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cas Air le Wi-Fi (WoWLAN)

Is féidir leat an teilihís seo a chasadh air ó d'fhón cliste nó do thaibléad má tá an teilihís i staid fiireachais. Ní mór an socrú **Cas air le Wi-Fi (WoWLAN)** a bheith casta air.

Chun athrú go WoWLAN...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) Suiteáil.
- 2 - Cliceáil **Lónra** agus cliceáil **Cas air le Wi-Fi (WoWLAN)**.
- 3 - Cliceáil **Air**.
- 4 - Brúigh BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Rindreálaí Meán Digiteach - DMR

Mura seinneann do chomhaid meán ar do theilihís, cinnigh go bhfuil an Rindreálaí Meán Digiteach casta air. Bíonn DMR casta air mar réamhshocrú.

Chun DMR a chasadh air...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) Suiteáil.
- 2 - Cliceáil **Lónra** agus cliceáil **Soláthraí Meán Digiteach**.
- 3 - Cliceáil **Air**.
- 4 - Brúigh BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Wi-Fi Miracast

Cas air Wi-Fi Miracast chun scáileán d'fhón cliste, taibléad nó ríomhaire a roinnt ar an teilihís.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh Eochairfhocail agus déan cuardach do **Miracast™, cas air**.

Wi-Fi Smart Screen

Ní mór duit Scáileán Cliste Wi-Fi a chasadh air chun féachaint ar chainéis teilihísí dhigiteacha ar d'fhón cliste nó taibléad leis an Philips TV Remote App. Tá an seans ann nach mbeidh roinnt cainéal scrofa ar fáil ar do ghléas soghluaste.

Chun Scáileán Cliste Wi-Fi a chasadh air...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) Suiteáil.
- 2 - Cliceáil **Lónra** agus cliceáil **Scáileán Cliste Wi-Fi**.
- 3 - Cliceáil **Air**.
- 4 - Brúigh BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ainm an Líonra Teilifíse

Má tá níos mó ná teilihís amháin i do líonra baile agat, is féidir leat ainm uathúil a thabhairt don teilihís.

Chun ainm na teilihíse a athrú...

- 1 - Brúigh  agus brúigh 

Chun forbreathnú a fháil ar bhogearraí freastalaí meán a dtacaitear leo, brúigh 

Glan Cuimhne Idirlín

Glanann tú gach comhad Idirlín atá stóráilte ar do theilihís le Glan cuimhne Idirlín. Glanann tú do chlárú do Philips Smart TV agus do shocrú rátala tuismitheoirí, do logálacha do d'fheidhmchlár siopa físeán, gach ceanán feidhmchláir Smart TV, leabharharcanna agus stair Idirlín. Ta feidhmchláir MHEG idirghníomhacha in ann 'fianáin', mar a thugtar orthu, a shábháil ar do theilihís freisin. Glanfar na comhaid sin freisin.

Chun an chuimhne Idirlín a għlanadh...

- 1 - Brúigh  agus brúigh 

3.3

Gléasanna Líonra

Tá an teilihís in ann nascadh le gléasanna eile i do líonra gan sreang, cosúil le do ríomhaire nó d'fhón cliste. Is féidir leat ríomhaire a úsáid a bhfuil Microsoft Windows nó Apple OS X air.

3.4

Comhroinnt Comhad

Is féidir leat grianghraif, ceol agus físeáin atá stóráilte ar do ríomhaire a oscailt ar an teilihís seo. Úsáid leagan úrmua de bhogearraí freastalaí meán cosúil le Philips MediaManager*, Windows Media Player 11, Twonky™ nó a leithéid.

Suiteáil na bogearraí freastalaí meán ar do ríomhaire agus socraigh é chun do chomhaid meán a roinnt leis an teilihís. Léigh an treoirleabhar don bhogearraí freastalaí meán chun tuilleadh eolais a fháil. Ní mór do na bogearraí seo a bheith ag rith ar do ríomhaire chun do chomhaid a fheiceáil nó a sheinnt ar an teilihís.

* Is féidir leat na bogearraí Philips MediaManager a fóslódáil ó láithreán tacaíochta Philips www.philips.com/support

Naisc

4.1

Leideanna maidir le Naisc

Treoir maidir le Nascacht

Nasc gléas leis an teilihís i gcónaí leis an nasc is airde caighdeán atá ar fáil. Anuas air sin, úsáid cáblaí ar chaighdeán maith chun a chinntíú go mbeidh aistriú maith pictiúr agus fuaiméanna ann.


Nuair a nascann tú gléas, aithníonn an teilihís a chineál agus tugann sé ainm cineáil ceart do gach gléas. Is féidir leat an t-ainm cineáil a athrú más mian leat. Má shocraítear ainm cineáil ceart do ghléas, athraíonn an teilihís go huathoibríoch go dtí na socruite teilihíse is fearr a fheileann di nuair a athraíonn tú go dtí an gléas seo sa roghchlár Fóinsí.

Má tá cabhair ag teastáil uait chun roinnt gléasanna a nascadh leis an teilihís, is féidir leat cuairt a thabhairt ar threoir nascachta Philips TV. Tugann an treoir eolas maidir leis an gcaoi nascadh agus maidir leis na cáblaí atá le húsáid.

Téigh go dtí www.connectivityguide.philips.com

Aeróg

Má tá Bosca bairr (glacadóir digiteach) nó Taifeadán agat, nasc cáblaí na haeróige chun comhartha na haeróige a rith tríd an mBosca bairr agus/nó an Taifeadán i dtosach sula n-iontrálfaidh sé an teilihís. Ar an gcaoi sin, is féidir leis an aeróg agus an Bosca bairr cainéil bhreise fhéideartha a sheoladh go dtí an Taifeadán le haghaidh a dtaifeadta.




HDMI

HDMI CEC

Bíonn an caighdeán pictiúir agus fuaimé is fearr ann le nasc HDMI. Bíonn na comharthaí físe agus fuaimé ar aon le chéile in aon chábala HDMI amháin. Úsáid cábla HDMI le haghaidh comharthaí teilihíse Ardghléine (HD) nó Ultra HD (UHD). Úsáid cábla HDMI Ardluais chun an t-aistriú comhartha is fearr a fháil

agus ná húsáid cábla HDMI níos faide ná 5 m.



EasyLink HDMI CEC

Má tá do ghléasanna nasctha le HDMI agus má tá EasyLink acu, is féidir leat iad a oibriú leis an gclianrialtán teilihíse. Ní mór EasyLink HDMI CEC a chasadh air ar an teilihís agus ar an ngléas nasctha. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi EasyLink a úsáid, brúigh an eochair datha — Eochairfhocail agus déan guardach do EasyLink CEC.

DVI go HDMI

Úsáid cuibheoir DVI go HDMI mura bhfuil ag do ghléas ach nasc DVI. Úsáid ceann de na naisc HDMI agus cuir cábla Fuaime Clé/Deas (mion-seac 3.5 mm) isteach san Audio In le haghaidh fuaime, ar chúl na teilihíse.

Cosaint ar chóipeáil

Tacaíonn cáblaí DVI agus HDMI le HDCP (Cosaint Ábhar Digiteach Ard-Leitheadbhanda). Is comhartha chosaint ar chóipeáil HDCP a chuireann cosc ar chóipeáil ábhar ó dhiosca DVD nó Diosca Blu-ray. Tagraitear dó fresin mar DRM (Bainistíocht Ceart Digiteach).

HDMI ARC

Tá **HDMI ARC** (Cainéal Fillte Fuaime) ag gach ceann de na naisc HDMI ar an teilihís.

Má tá an nasc HDMI ARC ag an ngléas freisin, ar gnáth gur Córas Amharclainne Baile (HTS) é, nasc le haon cheann de na naisc HDMI ar an teilihís seo é. Ní chaithfidh an cábla fuaime breise a sheolann fuaim na teilihíse go dtí an HTS a bheith agat nuair atá nasc HDMI ARC ann. Tá an dá chomhartha sa nasc HDMI ARC.

Is féidir leat aon nasc HDMI ar an teilihís seo a úsáid chun an HTS a nascadh ach níl ARC ar fáil ach do 1 gléas/nasc ag aon uair amháin.

HDMI Ultra HD

Is féidir leat féachaint ar fhíseáin a rinneadh i dtaifeach 'dúchasach' Ultra HD - 3840x2160 picteilín - ar an teilihís seo.


Nasc seinnteoir Diosca Blu-ray, consól cluiche nó ríomhaire atá in ann físeáin Ultra HD a sheinnt leis an nasc **HDMI 1**. Úsáid cábla HDMI ardluais chun an nasc a dhéanamh. Tá ARC (Cainéal Fillte Fuaime) ag na naisc HDMI UHD.

Níl HDCP 2.2 ach ag an nasc **HDMI 1**.

DVI go HDMI

Má tá gléas agat i gcónaí nach bhfuil air ach gléas DVI, is féidir leat an gléas a nascadh le haon ceann de na nasc **HDMI** le cuibheoir DVI go HDMI.

Nasc an cábla fuaimé Clé/Deas leis an nascóir **AUDIO IN** (mion-seac 3.5mm).




Y Pb Pr

Is nasc ardchaighdeán Y Pb Pr - Fís Chomhpháirte.

Is féidir an nasc YPbPr a úsáid le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD). Cuir isteach na comharthaí Fuaimé Clé agus Deas in aice leis na comharthaí Y, Pb agus Pr.

Meaitseáil do dhathanna nascóra YPbPr (uaine, gorm, dearg) leis na plugáí cábla nuair a nascann tú.


Úsáid cábla Fuaimé Deas/Clé cinch má tá fuaim ag do ghléas freisin.



SCART

Is nasc ar chaighdeán maith é SCART.


Is féidir an nasc SCART a úsáid le haghaidh comharthaí físe CVBS agus RGB ach ní féidir é a úsáid le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD). Tá comharthaí físe agus fuaimé sa nasc SCART. Tacaíonn an nasc SCART freisin le hathsheim NTSC.



Fuaim Amach - Optúil

Nasc fuaimé ar ardchaighdeán é Fuaim Amach - Optúil.

Tá an nasc optúil seo in ann 5.1 cainéal fuaimé a iompar. Mura bhfuil aon nasc HDMI ARC ar do ghléas, ar ghnáth gur Córás Amharclainne Baile (HTS) é, is féidir leat an nasc seo a úsáid leis an nasc Fuaim Isteach - Optúil ar an HTS. Seolann an nasc Fuaim Amach - Optúil an fhuaim ón teilifís go dtí an HTS.



Is féidir leat cineál an comharthaí fuaimé amach a shocrú chun dul in oiriúint do chumais fuaimé do Chórás Amharclainne Baile. Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Socruite Fuaim Amach**.

Mura mbeidh an fhuaim ag meaitseáil an fhís ar an scáileán, is féidir leat an sioncronú fuaimé go físe a choigeartú.


Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Sionc Fuaim go Fís**.

4.2

EasyLink HDMI CEC

EasyLink

Is féidir leat gléas nasctha a oibriú le cianrialtán na teilifíse le EasyLink. Úsáideann EasyLink HDMI CEC (Consumer Electronics Control) chun cumarsáid a dhéanamh leis na gléasanna nasctha. Ní mór do ghléasanna tacú le HDMI CEC agus a bheith nasctha le nasc HDMI.



Suiteáil EasyLink

Tagann an teilihís le EasyLink casta air. Bíonn cinnte go bhfuil na socruithe HDMI CEC suiteálte i gceart ar na gléasanna EasyLink atá nasctha. Tá an seans ann nach n-oibreoidh EasyLink le gléasanna ó bhrandaí eile.

HDMI CEC ar bhrandaí eile

Tá ainmneacha éagsúla ag feidhmiúlacht HDMI CEC ar bhrandaí éagsúla. Seo roinnt samplaí: Anynet, Aquos Link, Bravia Theatre Sync, Kuro Link, Simplink agus Viera Link. Níl gach branda comhoiriúnach go hiomlán le EasyLink.

Is lena n-úinéirí faoi seach ainmneacha branda HDMI CEC .

Gléasanna a Oibriú

Chun gléas atá nasctha le HDMI a oibriú agus é a shuiteáil le EasyLink, roghnaigh an gléas - nó a ghníomhaíocht - sa liosta de naisc teilihís. Brúigh SOURCES, roghnaigh gléas atá nasctha le nasc HDMI agus brúigh OK.

Chomh luath is a bheidh an gléas roghnaithe, is féidir le cianrialtán na teilihís an gléas a rialú. Mar sin féin, ní chuirtear ar aghaidh chuig an ngléas na heochracha agus OPTIONS agus roinnt méaracha teilihís eile, cosúil le Ambilight.

Mura bhfuil an eochair atá uait ar chianrialtán na teilihís, is féidir leat an eochair a roghnú sa roghchlár Roghanna.

Brúigh OPTIONS agus roghnaigh Rialuithe ar an mbarrachlár. Roghnaigh an eochair gléis atá uait ar an scáileán agus brúigh OK.

Tá an seans ann nach mbeidh roinnt méaracha gléis an-sainiúil ar fáil sa roghchlár Rialtán.

Ní fhreagróidh ach gléasanna a thacaíonn leis an bhfeidhm cianrialtán Easylink do chianrialtán na teilihís.

Socruithe EasyLink

Bíonn na socruithe EasyLink casta air ar an teilihís mar réamhshocrú.

EasyLink

Chun EasyLink a chasadadh as go hiomlán...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) le haghaidh Suiteáil.
- 2 - Cliceáil Socruithe Ginearálta > EasyLink agus cliceáil EasyLink céim amháin eile.

3 - Cliceáil As.

4 - Brúigh BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cianrialtán EasyLink

Má theastaíonn uait go mbeidh cumarsáid idir gléasanna ach níl tú ag iarraidh iad a oibriú le cianrialtán na teilihís, is féidir leat cianrialtán EasyLink a chasadadh as leis féin.

I roghchlár socruithe EasyLink , roghnaigh Cianrialtán EasyLink agus roghnaigh As.

4.3

CI+ CAM le Cártá Cliste

CI+

Tá an teilihís seo réidh do Rochtain Choinníollach CI+.

Is féidir leat féachaint ar scothchlár HD, cosúil le scannán agus cláir spóirt atá curtha ar fáil ag oibritheoirí teilihís digití i do réigiún le CI+. Scrobbhann oibritheoirí teilihís na cláir seo agus d'iscrobbhann modúl CI+ réamhíoctha iad.

Cuireann oibritheoirí teilihís digití modúl CI+ (Modúl Rochtana Coinníollaí - CAM) ar fáil, agus cártá cliste a ghabhann leis, nuair a dhéanann tú suibscríbhinn dá scothchlár. Bíonn ardleibhéal cosanta ar chóipeáil ag an cláir seo.

Déan teagmháil le oibritheoirí teilihís digití le haghaidh tuilleadh eolais maidir le téarmaí agus coinníollacha.



Cártá Cliste Amháin

Cuireann oibritheoirí teilihís digití modúl CI+ (Modúl Rochtana Coinníollaí - CAM) ar fáil, agus cártá cliste a ghabhann leis, nuair a dhéanann tú suibscríbhinn dá scothchlár.

Cuir an cártá cliste isteach sa mhodúl CAM. Féach ar an treoir a fuair tú ón oibritheoir.

Chun an CAM a chur isteach sa teilihís...


1 - Beidh an modh ceart chun an CAM a chur isteach le feiceáil ar an gCAM. Má chuireann tú isteach mícheart é, d'fhéadfá damáiste a dhéanamh don CAM agus don teilihís.

2 - Agus tú ag féachaint ar chúl na teilihís, agus aghaidh an CAM i do threo, cuir an CAM isteach go réidh sa sliotán COMMON INTERFACE 1.

3 - Brúigh an CAM isteach chomh fada is a rachaidh sé. Fág sa sliotán go buan é.

Nuair chasann tú air an teilifís, d'fhéadfadh roinnt nóiméad a bheith i gceist sula ngníomhachtófar an CAM. Má chuirtear CAM isteach agus má íocatar na táillí suibscríbhinne (bíonn modhnna suibscríbhinne éagsúla ann), is féidir leat féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn an cárta cliste CAM leo.

Is do do theilifís amháin an CAM agus an cárta cliste. Má bhaineann tú an CAM amach, ní bheidh tú in ann féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn CAM leo.



Dhá Chárta Cliste

Is féidir le roinnt oibritheoirí teilifíse digití an dara modul CI+ (CAM) agus cárta cliste a chur ar fáil. Teastaíonn an dara CAM agus cárta cliste nuair atá uait féachaint ar chainéil amháin agus taifeadadh ar chainéil eile ón oibritheoir teilifíse céanna.

Más féidir leat féachaint ar an lín céanna cainéal leis an dá chárta, tá na cearta féachana céanna ag an dá chárta. Má tá tú in ann féachaint ar níos lú cainéal le ceann amháin de na cártaí, níl cearta féachana na gcártaí mar a chéile.

Má tá na cearta féachana céanna ag do chártaí, is cuma cé acu de na cártaí a chuireann tú sna sliotán. Má tá cearta féachana níos mó ag ceann amháin de na cártaí, cuir an cárta a bhfuil níos mó cearta féachana aige sa sliotán **COMMON INTERFACE 1**. Cuir an cárta a bhfuil níos lú cearta féachana aige sa sliotán **COMMON INTERFACE 2**.

Cuir na cártaí cliste isteach sna modúil CAM. Féach ar an treoir a fuair tú ón oibritheoir.

Chun an CAM a chur isteach sa teilifís...

1 - Beidh an modh ceart chun an CAM a chur isteach le feiceáil ar an gCAM. Má chuireann tú isteach mícheart é, d'fhéadfá damáiste a dhéanamh don CAM agus don teilifís.

2 - Agus tú ag féachaint ar chúl na teilifíse, agus aghaidh an CAM i do threo, cuir an CAM isteach go réidh sa sliotán.

3 - Brúigh an CAM isteach chomh fada is a rachaidh sé. Fág sa sliotán go buan é.

Nuair chasann tú air an teilifís, d'fhéadfadh roinnt nóiméad a bheith i gceist sula ngníomhachtófar an CAM. Má chuirtear CAM isteach agus má íocatar na táillí suibscríbhinne (bíonn modhnna suibscríbhinne éagsúla ann), is féidir leat féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn an cárta cliste CAM leo.

Is do do theilifís amháin an CAM agus an cárta cliste. Má bhaineann tú an CAM amach, ní bheidh tú in ann féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn CAM leo.

Pasfhocail nó cóid PIN

Ní mór duit cóid PIN a chur isteach i gcás roinnt CAManna chun féachaint ar a chainéil. Nuair a shocraíonn tú an cóid PIN don CAM, molaimid duit an cóid céanna a úsáid is atá in úsáid agat chun an teilifís a dhíghlasáil.


Chun an cóid PIN a shocrú don CAM...

- 1 - Brúigh SOURCES.
- 2 - Cliceáil ar an gcineál cainéil atá in úsáid agat don CAM. **Teilifís Aeróige**, **Teilifís Chábla** nó **Teilifís Satailíte**.
- 3 - Brúigh OPTIONS agus cliceáil **Comhéadan Coiteann**.
- 4 - Cliceáil ar oibritheoir teilifíse an CAM. Is ón oibritheoir teilifíse a thagann na scáileán seo a leanas. Déan cuardach do shocrú an chóid PIN.

4.4


Bosca Bairr - STB

Úsáid 2 cábla aeróige chun an aeróg a nascadh leis an mBosca bairr (ar glacadóir digiteach é) agus an teilifís.



Cuir isteach cábla HDMI in aice leis na náisc aeróige chun an Bosca bairr a nascadh leis an teilifís.

Mar rogha air sin, is féidir leat cábla SCART a úsáid mura bhfuil aon nasc HDMI ag an mBosca bairr.



Amadóir Casta As

Cas an t-amadóir uathoibríoch seo as mura n-úsáideann tú ach cianrialtán an Bhosca Bhairr amháin. Mura ndéanfaidh tú é seo, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch tar éis tréimhse 4 huaire gan aon eochair a bheith brúite ar chianrialtán na teilifíse.

In **Cabhair**, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cas as Amadóir** chun tuilleadh eolais a fháil.

Glacadóir Satailíte

Nasc cábla na méise aeróige leis an nglacadóir Satailíte.

Cuir isteach cábla HDMI in aice leis an nasc aeróige chun an gléas a nascadh leis an teilifís.

Mar rogha air sin, is féidir leat cábla SCART a úsáid mura bhfuil aon nasc HDMI ag an ngléas.



Amadóir Casta As

Cas an t-amadóir uathoibríoch seo as mura n-úsáideann tú ach cianrialtán an Bhosca Bhair amháin. Mura ndéanfaidh tú é seo, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch tar éis tréimhse 4 huaire gan aon eochair a bheith brúite ar chianrialtán na teilifíse.

In **Cabhair**, brúigh an eochair datha — Eochairfhocail agus déan cuardach do **Cas as Amadóir** chun tuilleadh eolais a fháil.

Sioncronú fuaime go físe (sionc)


Mura meaitseálann an fhuaim an fhís ar an scáileán, is féidir leat moill a shocrú ar an gcuid is mó de Chórás Amharclainne Baile a bhfuil seinnteoir diosca acu chun an fhuaim a mheatseáil leis an fhís.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh — Eochairfhocail agus déan cuardach do **Sionc Fuaim le Fís**.

Nasc le HDMI

Úsáid an cábla HDMI chun Córás Amharclainne Baile (HTS) a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Philips Soundbar a nascadh nó HTS a bhfuil seinnteoir diosca ionsuite aige.

Mura bhfuil aon nasc HDMI ARC ag an gCórás Amharclainne Baile, úsáid cábla fuaime optúil (Toslink) chun fuaim na teilifíse a sheoladh go dtí an Córás Amharclainne Baile.



Sioncronú fuaime go físe (sionc)

Mura meaitseálann an fhuaim an fhís ar an scáileán, is féidir leat moill a shocrú ar an gcuid is mó de Chórás Amharclainne Baile a bhfuil seinnteoir diosca acu chun an fhuaim a mheatseáil leis an fhís.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh — Eochairfhocail agus déan cuardach do **Sionc Fuaim le Fís**.

Socraithe d'Fhuaim Amach

Moill ar Fhuaim Amach

Nuair atá Córás Amharclainne Baile (HTS) naschta leis an teilifís, ba cheart go mbeadh an pictiúr ar an teilifís agus an fhuaim ón HTS sioncronaithe.

Sioncronú uathoibríoch fuaime go físe

Bíonn an fhuaim sioncronaithe le físe go huathoibríoch leis na Córás Amharclainne Baile is nuáil ó Philips, agus bíonn sé i gcónaí ceart.

Moill sionc Fuaim

I gcás roinnt Córás Amharclainne Baile, tá an seans ann go mbeidh ort an mhoill sionc Fuaim a mhionathrú chun an fhuaim a shioncronú leis an bhfís. Ardaigh an luach moille ar an gCórás Amharclainne Baile go dtí go meaitseálann an pictiúr agus an

Córás Amharclainne Baile - HTS


Nasc le HDMI ARC

Úsáid an cábla HDMI chun Córás Amharclainne Baile (HTS) a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Philips Soundbar a nascadh nó HTS a bhfuil seinnteoir diosca ionsuite aige.

HDMI ARC

Má tá nasc HDMI ARC ag do Chórás Amharclainne Baile, is féidir leat aon nasc HDMI ar an teilifís a úsáid chun nascadh. Ní gó an cábla fuaime breise a nascadh nuair atá HDMI ARC ann. Tá an dá chomhartha sa nasc HDMI ARC.

Tá gach nasc HDMI ar an teilifís in ann an comhartha Cainéal Fillte Fuaime (ARC) a thairiscint. Ach a thúisce is atá an Córás Amharclainne Baile naschta agat, ní féidir leis an teilifís ach an comhartha ARC a sheoladh chuig an nasc HDMI seo.



fhuaim. D'fhéadfadh luach moille de 180ms a bheith ag teastáil. Léigh treoir úsáideora an Chórás Amharclainne Baile. Beidh ort an mhoill ar Fhuaim amach ar an teilifís a chasadh as nuair atá luach moille socraithe ar an gCóras Amharclainne Baile.

Chun an Mhoill ar Fhuaim amach a chasadh as...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
- 2 - Cliceáil **Fuaim > Ardsocruithe** agus cliceáil **Moill ar Fhuaim amach**.
- 3 - Cliceáil **As**.
- 4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Seach-chur Fuaim Amach

Murar féidir leat moill a shocrú ar an gCóras Amharclainne Baile, is féidir leat an teilifís a shocrú chun an fhuaim a shioncronú. Is féidir leat seach-chur a shocrú a dhéanann cúiteamh don mhéid ama atá ag teastáil ón gCóras Amharclainne Baile chun fuaim phictiúr na teilifíse a phróiseáil. Is féidir leat an luach a shocrú i gcéimeanna 5ms. Is -60ms an socrú is airde.

Ba cheart an socrú Moill ar Fhuaim amach a chasadh air.

Chun sioncronú leis an bhfuaim ar an teilifís...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
- 2 - Cliceáil **Fuaim > Ardsocruithe** agus cliceáil **Seach-Chur Fuaim Amach**.
- 3 - Úsáid an barra sleamhnáin chun an seach-chur fuaim a shocrú agus brúigh **OK**.
- 4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Formáid Fuaim Amach

Má tá Córás Amharclainne Baile agat a bhfuil an cumas aige fuaim ilchainéil a phróiseáil, leithéidí Dolby Digital, DTS® nó a macasamhail, athraigh an socrú don fhormáid Fuaim Amach go Ilchainéil. Ligeann an socrú Ilchainéil don teilifís an comhartha fuaim ilchainéil comhbhrúite a sheoladh ó chainéil teilifíse nó seinnteoir nasctha go dtí an Córás Amharclainne Baile. Má tá Córás Amharclainne Baile agat nach bhfuil próiseáil fuaim ilchainéil aige, roghnaigh Steiréó.

Chun an Fhormáid Fuaim Amach a shocrú...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
- 2 - Cliceáil **Fuaim > Ardsocruithe** agus cliceáil **Formáid Fuaim Amach**.
- 3 - Cliceáil **Ilchainéil** nó **Steiréó**.
- 4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Leibhéaladh Fuaim Amach

Úsáid an socrú Leibhéaladh Fuaim Amach chun airde fuaim (treise) na teilifíse agus an Chórás Amharclainne Baile a

chothromú nuair a athraíonn tú ó cheann amháin go ceann eile. Is féidir le difríochtaí i bpróiseáil fuaime a bheith in n-údar do dhifríochtaí in airde fuaime.

Chun an difríocht san airde fuaime a leibhéaladh...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
- 2 - Cliceáil **Fuaim > Ardsocruithe** agus cliceáil **Leibhéaladh Fuaim Amach**.
- 3 - Má tá difríocht mhór san airde fuaime, roghnaigh **Níos Mó**. Má tá difríocht bheag san airde fuaime, roghnaigh **Níos Lú**.
- 4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Baineann Leibhéaladh Fuaim Amach le comharthaí fuaime Fuaim Amach - Optúil agus HDMI ARC araon.

Fadhbanna le fuaim HTS

Fuaim le torann ard

Má fhéachann tú ar fhíseán ó mhéaróg chuimhne USB atá plugáilte isteach nó ríomhaire nasctha, d'fhéadfadh an torann ó do Chórás Amharclainne Baile a bheith díchumtha. Cloistear an torann sin nuair atá fuaim DTS ag an gcomhad fuaime nó físeáin ach gan próiseáil fuaime DTS a bheith ag an gCóras Amharclainne Baile. Is féidir leat caoi a chur air sin trí **Formáid Fuaim Amach** na teilifíse a athrú go **Steiréó**.

Brúigh le haghaidh **Suiteáil > Fuaim > Ardsocruithe > Formáid Fuaim Amach**.


Níl aon fhuaim ann

Mura bhfuil tú in ann an fhuaim a chloisteáil ón teilifís ar do Chórás Amharclainne Baile, seiceáil ar nasc tú an cábla HDMI le nasc **HDMI ARC** ar an gCóras Amharclainne Baile. Is nasc HDMI ARC gach nasc HDMI ar an teilifís.

4.7

Seinnteoir Diosca Blu-ray

Úsáid cábla **HDMI ardluais** chun an seinnteoir Diosca Blu-ray a nascadh leis an teilifís.



Má tá EasyLink HDMI CEC ag an seinnteoir Diosca Blu-ray, is féidir leat an seinnteoir a obríú le cianrialtán na teilifíse .

In Cabhair, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan


cuardach do **EasyLink HDMI CEC** chun tuilleadh eolais a fháil.

4.8

Seinnteoir DVD

Úsáid an HDMI cábla chun an seinnteoir DVD a nascadh leis an teilihís.

Mar rogha air sin, is féidir leat cábla SCART a úsáid mura bhfuil aon nasc HDMI ag an ngléas.



Má tá an seinnteoir DVD nasctha le HDMI agus má tá EasyLink CEC aige, is féidir leat an seinnteoir a oibriú le cianrialtán na teilihise.


Chun tuilleadh eolais a fháil faoi EasyLink, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **EasyLink HDMI CEC**.

4.9

Consól Cluiche


HDMI

Nasc an consól cluiche leis an teilihís le cábla HDMI ardluais chun an caighdeán is fearr a fháil.



YPbPr


Nasc an consól cluiche le cábla físchomhartha compháirteanna (Y Pb Pr) agus le cábla fuaim Deas/Clé leis an teilihís.



Clé/Deas / Scart Fuaim-Físe

Nasc an consól cluiche leis an teilihís le cábla ilchodach (CVBS) agus le cábla fuaim Deas/Clé leis an teilihís.

Mura bhfuil ach aschur Físeáin (CVBS) agus Fuaim Clé/Deas ag do chonsól cluiche, úsáid cuibheoir Físe Fuaim Clé/Deas go Scart chun nascadh leis an nasc SCART.



4.10

Ceap Stiúrtha

Nasc Ceap Stiúrtha

Chun cluichí ón Idirlíon a sheinnt ar an teilihís seo, is féidir leat raon roghnaithe Ceap Stiúrtha gan sreang a nascadh. Nuair a nascann tú an Ceap Stiúrtha, is féidir leat é a úsáid láithreach.


Chun Ceap Stiúrtha a nascadh...

1 - Plugáil isteach an nanaghlacadóir beag i gceann amháin de na náisc USB ar thaobh na teilihise. Tagann an nanaghlacadóir gan sreang leis an gCeap Stiúrtha.

2 - Má tá an Ceap Stiúrtha casta air, is féidir leat an Ceap Stiúrtha a úsáid.

Is féidir leat an dara Ceap Stiúrtha a nascadh sa dara nasc USB ar thaobh na teilihise.

Is féidir leat an Ceap Stiúrtha a úsáid freisin chun an Pointeoir a rialú.



Ceapa Stiúrtha

Tá tástáil déanta ar raon roghnaithe Ceap Stiúrtha agus tá siad feiliúnach don teilifís seo. D'fhéadfadh Ceapa Stiúrtha eile gan a bheith inoiriúnaithe go hiomlán.

Is iad na Ceapa Stiúrtha atá feiliúnach...

- Logitech F710
- Logitech F510
- Xbox 360 Wireless Controller for Windows
- Speedlink Strike FX Wireless Gamepad

Trioblóid le Trasnaíocht

Chun trasnaíocht fhéideartha le gléasanna gan sreang eile ar an teilifís a réiteach...

- Úsáid a seolán sínidh USB agus bog an nanaghcadóir thart ar 1 méadar ón teilifís.
- Mar rogha air sin, is féidir leat mol USB a bhfuil cumhacht aige agus atá nasctha leis an teilifís a úsáid agus na nanaghcadóirí a phlugáil isteach sa mhol USB.

4.11

Diosca Crua USB

A bhfuil de dhíth ort

Má nascann tú Diosca Crua USB, is féidir leat craoladh teilifíse a chur ar sos nó a thaifeadadh. Ní mór don chraoladh teilifíse a bheith ina chraoladh digiteach (craoladh DVB nó a mhacasmhail).

Chun craoladh a chur ar sos

Chun craoladh a chur ar sos, teastaíonn Diosca Crua uait atá comhoiriúnach le USB 2.0 agus a bhfuil ar a laghad 32GB de spás air.

Chun craoladh a thaifeadadh

Chun craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, teastaíonn diosca a bhfuil ar a laghad 250GB de spás saor air. Má tá uait craoladh a thaifeadadh le sonraí eolaire teilifíse ón Idirlín, ní mór an nasc Idirlín a bheith suiteáilte ar do theilifís sula suiteálann tú an Diosca Crua USB.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoí Diosca Crua USB a shuiteáil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Diosca Crua USB**, suiteáil.

Suiteáil

Sular féidir leat craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, ní mór duit Diosca Crua USB a nascadh agus a fhormáidiú. Bainfidh an formáidiú as gach comhad ón Diosca Crua USB.


1 - Nasc an Diosca Crua USB le ceann de na nasc **USB** ar an teilifís. Ná nasc gléas USB eile leis na poirt USB eile nuair atá tú i mbun formáidithe.

2 - Cas air an Diosca Crua USB agus an teilifís.

3 - Nuair atá an teilifís tiúnálte le cainéal teilifíse digití, brúigh **II** (Cuir ar Sos). Má dhéanann tú iarracht é a chur ar sos, tosóidh an formáidiú.

Lean na treoracha ar an scáileán.

Nuar a bheidh an Diosca Crua USB formáidithe, fág nasctha go buan é.



Rabhadh:

Tá an Diosca Crua USB formáidithe go heisiach don teilifís seo agus ní féidir leat na taifeadtaí stórálte a úsáid ar theilifís ná ar ríomhaire eile. Ná cóipeáil agus ná hathraigh comhaid taifeadtaí ar an Diosca Crua USB le haon fleidhmchlár ríomhaireachta. Truailleoidh sé sin do thaifeadtaí. Nuair a fhormáidíonn tú Diosca Crua USB eile, caillfear an méid a bhí ar an gceann roimhe sin. Beidh athfhormáidiú ag toastáil ó Dhiosca Crua USB atá suiteáilte ar do theilifís le haghaidh a úsáide le ríomhaire.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cuir teilifís ar sos** nó **Taifeadadh**.

4.12

Méarchlár nó luch USB

Méarchlár, nasc

Suiteáil an Méarchlár

Nasc méarchlár USB (den chineál USB-HID) chun téacs a chur isteach ar do theilifís.

Is féidir leat méarchlár agus luch a nascadh leis an teilifís.

Úsáid ceann de na naisc **USB** chun nascadh.



Suiteáil an méarchlár

Chun aontú leis na Téarmaí Úsáide agus leis an Toiliú le Moltaí Pearsantaithe, brúigh an eochair datha  **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Téarmaí Úsáide, Feidhmchlár**.

11.2

Déan larratas ar Chlár

Ar an gcéad leathanach de Theilifís ar Éileamh, díreach os cionn an liosta clár, is féidir leat catagóir a roghnú. Is féidir leat freisin craoltóir ar leith a roghnú má tá níos mó ná ceann amháin acu ar fáil, liosta de na cláir is ansa leat a roghnú nó lá ar leith a roghnú.

Chun Craoltóir a roghnú...

- 1 - Cliceáil ar Chraoltóir.
- 2 - Cliceáil ar an gcraoltóir atá uait.
- 3 - Mura bhfuil uait aon rud a athrú, brúigh  BACK.

Chun iarratas a dhéanamh ar chlár...

- 1 - Ainligh os cionn an chláir leis an bPointeoir chun a theideal a léamh.
- 2 - Cliceáil ar an deilbhín chun dul go dtí seirbhís Theilifís ar Éileamh an chraoltóra agus léigh an t-eolas faoin gclár.
- 3 - Deimhnigh d'iarratas.
- 4 - Déan an íocaíocht ar líne más gá.
- 5 - Tosaigh ag féachaint. Is féidir leat na heochracha ► (Seinn) agus ▶ (Cuir ar sos) a úsáid.

Cainéil

12.1

Ag féachaint ar Chainéil

Cainéil a Athrú

Chun tosú ag féachaint ar chainéil teilifíse, brúigh . Tiúinfidh an teilfís go dtí an cainéil teilifíse ar fhéach tú go deireanach air.

Cainéil a Athrú

Chun cainéil a athrú, brúigh + nó -.

Má tá uimhir an chainéil ar eolas agat, clóscríobh an uimhir leis na heochracha uimhreach. Brúigh **OK** tar éis an uimhir a chur isteach chun athrú láithreach.

Grúpa cainéil

Nuir a bhrúnn tú ceann de na heochracha arís agus arís eile, is féidir leat zaipeáil trí na cainéil go sciobtha ón ngrúpa atá roghnaithe sa Liosta Cainéil faoi láthair.

Anois agus ar ball

Agus tú ag féachaint ar cainéil teilifíse, is féidir leat scrolláil go tapaidh trí na cainéil eile chun seiceáil céard atá orthu. Brúigh (suas) nó (síos) chun liosta scrollála cainéil a oscailt. Má tá an t-eolas ar fáil ón Idirlón, taispeánann an teilifís ainm agus sonraí an chláir reatha agus ansin ainm agus sonraí an chéad chláir eile.

Cainéil roimhe sin

Chun athrú ar ais go dtí an cainéil a bhí tiúinált cheana féin, brúigh .

Is féidir leat cainéil a athrú freisin ón **Liosta Cainéil**.

Liosta Cainéil

Maidir leis an Liosta Cainéil

Is féidir leat gach cainéil (Aeróg, Cábla agus Sataillit) agus stáisiún raidió atá suiteálte ar an teilifís a aimsiú sa Liosta Cainéil. Má tá an teilifís nasctha leis an Idirlón agus má tá an t-eolas ar fáil, taispeántar cainéil lena n-ainm agus lógó nó a n-ainm agus an clár atá ar taispeáint faoi láthair.

Is féidir leat cainéil a mharcáil mar chainéil ceanáin nó cainéil a ghlásáil má cheapann tú nach bhfuil siad feiliúnach do leanaí. Marcáltaí na trí chainéil a bhféachann tú orthu is minice le líne thanaí timpeall an ainm agus an lógó.

Is féidir leat an grúpa cainéil atá suiteálte do gach tiúnóir ionsuite, an tiúnóir d'Aeróg, Cábla nó Sataillit* a roghnú sa Liosta Cainéil. Is féidir leat an grúpa seo a scagadh tuilleadh chun féachaint ar gach cainéil nó díreach na cainéil is ansa leat. Is féidir

leat stáisiún raidió nó cainéil teilifíse a scagadh, nó cainéil dhigiteacha nó analógacha.

Déantar an Liosta Cainéil a nuashonrú go huathoibríoch tar éis Nuashonrú Cainéil Uathoibríoch. Marcáltaí cainéil nua le deilbhín.

Deilbhíní cainéil

- Cainéil ceanáin
- Cainéil glasálta
- Cainéil nua
- Cainéil scrofa

Stáisiún Raidió

Má tá craolachán digiteach ar fáil, suiteáltaí stáisiún raidió dhigiteacha le linn suiteála. Athraigh go cainéil raidió díreach ar an gcaoi chéanna is a athraonn tú go cainéil teilifíse. Is iondúil go lonáonn suiteáil cainéil cábla (DVB-C) stáisiún raidió ó uimhir cainéil 1001 ar aghaidh.

* Má tá tiúnóir sataillte ionsuite ag do theilifís. Seiceáil an bhfuil **Suiteáil Sataillte** ar fáil sa roghchlár Suiteáil.

Oscailt an Liosta Cainéil

Chun an **Liosta Cainéil** a oscailt, brúigh LIST chun féachaint ar an liosta i scáileán iomlán.

Mar rogha air sin, is féidir leat an Liosta Cainéil a oscailt ón roghchlár Baile.

Brúigh agus cliceáil Cainéil ag an mbarr.

Cuirtear na cainéil i láthair lena n-ainm agus a lógó.

Chun féachaint ar na cláir reatha, brúigh INFO.

Chun dul siar go dtí ainmneacha na gcainéil, brúigh INFO arís.

Chun athrú go cainéil ón Liosta Cainéil, díreach cliceáil an cainéil leis an bPointeoir nó úsáid na heochracha saighde chun an cainéil a roghnú agus brúigh **OK**.

Grúpaí Cainéil

Sa Liosta Cainéil, is féidir leat grúpa cainéil ar leith a roghnú.

Roghnaigh na cainéil ón tiúnóir Aeróige, Cábla nó Sataillit. Is féidir leat freisin díreach na cainéil is ansa leat a roghnú ón tiúnóir Aeróige/Cábla nó an tiúnóir Sataillte. Anuas air sin, is féidir leat díreach na cainéil dhigiteacha a roghnú nó díreach na stáisiún raidió ón tiúnóir roghnaithe. Déanann an grúpa cainéil a roghnaíonn tú sa Liosta Cainéil sainmhíniú ar na cainéil a zaipeáill tú tróthu nuair a bhrúnn tú .

A thuisce is a roghnaíonn tú cainéil ón ngrúpa atá roghnaithe faoi láthair, athróidh an teilifís ar ais go dtí grúpa Cainéil an tiúnóra atá roghnaithe.

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéil teilifíse, brúigh LIST chun

an Liosta Cainéal a oscailt i scáileán iomlán.

2 - Cliceál ar cheann de na tábanna grúpa os cionn liosta na gcainéal. Ní thaispeánfaidh an liosta ach cainéil an ghrúpa a roghnaigh tú. Is féidir le roinnt grúpaí a bheith folamh.

Cainéis Cheanáin

Is féidir leat grúpa de na cainéil is ansa leat a chruthú.

I gcás gach tiúnóra, Aeróg, Cábla nó Sataillt*, is féidir leat cainéil a mharcáil mar chainéil cheanán. Nuair atá an táb **Ceanáin** roghnaithe sa Liosta Cainéal, ní thaispeánfar ach na cainéil cheanán nuair a zaipeálann tú trí na cainéil. Beidh gach cainéal eile i bholach.

Cruthaigh grúpa cheanán...

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéil teilihíse, brúigh **LIST** chun an Liosta Cainéal a oscailt.

2 - Cliceál **Aeróg**, **Cábla** nó **tiúnóir Sataillt***.

3 - Cliceál ar an táb **Cainéal** chun féachaint ar gach cainéal atá suiteáilte don tiúnóir atá roghnaithe.

4 - Brúigh an eochair datha **Cuir Eagar ar Cheanáin**

5 - Cliceál leis an bPointeoir ar gach cainéal ar mian leat é a mharcáil mar cheanán. Chun cainéal a dhímharcáil, cliceál ar an gcainéal arís. Má úsáideann tú na heochracha saighde chun nascleanúint, roghnaigh an cainéal agus brúigh **OK**.

6 - Brúigh **Dún** chun deireadh a chur le marcáil cheanán.

Chun raon iomlán cainéal a mharcáil ag aon am amháin, brúigh **Cuir Eagar ar Cheanáin** agus brúigh **Roghnaigh Raon**.

Cliceál cainéal agus ansin cliceál an cainéal deireanach den ró cainéal a bhfuil uait iad a mharcáil mar cheanán.

Chun gach cainéal a roghnú, brúigh **Roghnaigh Gach Ceann**.

Déantar na cainéil i **gCeanáin** a athuimhriú.

* Má tá tiúnóir sataillt ionsuite ag do theilihí. Seiceáil an bhfuil **Suiteáil Sataillt** ar fáil sa roghchlár Suiteáil.

Cainéal a Athainmniú

Is féidir leat cainéal a athainmniú.

Chun cainéal a athainmniú...

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéil teilihíse, brúigh **LIST** chun an Liosta Cainéal a oscailt.

2 - Cuir an Pointeoir ar bharr an chainéil agus ardaigh d'ordóg.

3 - Brúigh **OPTIONS**.

4 - Cuir d'ordóg ar ais ar an eochair **OK** agus cliceál

Athainmnigh.

5 - Cuir isteach an t-ainm nua le Méarchlár an Chianrialtáin.

6 - Brúigh **OK** chun an réimse téacs a dhúnadh.

7 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile más gá, chun féachaint ar theilihí.

Níl ar fáil d'athainmniú ach carachtair Rómhánacha.

Cainéal a Bhogadh

Is féidir leat cainéil sa liosta ceanán a bhogadh – a athlonnú.

Chun cainéal a bhogadh...

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéil teilihíse, brúigh **LIST** chun an Liosta Cainéal a oscailt.

2 - Cliceál **Ceanáin**.

3 - Brúigh an eochair datha **Bog**.

4 - Lonnaigh an Pointeoir ar bharr an chainéil a bhfuil uait é a bhogadh agus cliceál agus tarraing go dtí a shuíomh nua é. Má theastaíonn uait an cainéal a bhogadh go dtí an chéad leathanach eile cainéal, nó an leathanach roimhe sin, tarraing an cainéal go dtí iméall an leathanach ag an mbarr nó ag an mbun. Taispeánfar an leathanach roimhe sin nó an chéad leathanach eile. Tabharfaidh saighead an suíomh nua le fios.

5 - Scaoil leis an eochair **OK** chun an cainéal a fhágáil ina shuíomh nua.

6 - Is féidir leat cainéal eile a roghnú chun bogadh.

7 - Brúigh **Dún** nuair atá tú réidh ag bogadh cainéal.

8 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile más gá, chun féachaint ar theilihí.

Mura bhfuil uait ach cainéal amháin a bhogadh, is féidir leat cliceál ar an bPointeoir agus é a choinneáil síos ar an gcainéal ar feadh roinnt soicind. A thuisce is a fheiceann tú an cainéal ar snámh ar bharr an Liosta Cainéal, is féidir leat an cainéal a bhogadh agus a fhágáil ina shuíomh nua.

Leis na heochracha saighde

Má úsáideann tú na heochracha saighde chun nascleanúint, roghnaigh an cainéal a bhfuil uait é a bhogadh agus úsáid na heochracha saighde chun é a bhogadh go dtí a shuíomh nua. Is féidir leat freisin an suíomh nua a roghnú leis na heochracha uimhreach ar an gciarrialtán. Brúigh **OK** chun suíomh nua an chainéil a dhearbhú.

Cainéal a Ghlasáil

Is féidir leat cainéal a ghlasáil.

Chun leanaí a chosc ó fhéachaint ar chainéil, is féidir leat cainéal a ghlasáil. Chun féachaint ar chainéil atá glasáilte, ní mór duit an Cód Glais Leanaí a chur isteach ar dtús. Ní féidir leat cláir a ghlasáil ó ghléasanna naschta.

Chun cainéal a ghlasáil...

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéil teilihíse, brúigh **LIST** chun an Liosta Cainéal a oscailt.

2 - In aon ghrúpa, lonnaigh an Pointeoir ar an gcainéal a bhfuil uait é a ghlasáil agus ardaigh d'ordóg.

3 - Brúigh **OPTIONS** agus cliceál **Glasáil Cainéal**. Marcáltar cainéal glasáilte le glas **?**.

Chun cainéal a dhíghlasáil, roghnaigh an cainéal glasáilte agus roghnaigh **Díghlasáil cainéal**. Ní mór duit an Cód glais leanaí a chur isteach chun díghlasáil.

Rátáil Aoise

Is féidir leat rátáil aoise a shocrú chun leanaí a stopadh ó bheith ag féachaint ar chlár nach bhfuil feiliúnach dá n-aois.

Is féidir le cláir ar chainéil dhigiteacha a bheith rátáilte de réir aoise. Nuair atá rátáil aoise cláir cothrom le nó níos airde ná an aois atá socrachte agat mar rátáil aoise do do leanbh, beidh an clár glasálte. Ní mór duit an Cód Glais Leanaí a chur isteach ar dtús chun féachaint ar chlár atá glasálte.

Chun rátáil aoise a shocrú...

1 - Brúigh  agus brúigh  (Clé) Suiteáil.

2 - Roghnaigh Socruithe ginearálta > Glas Leanaí > Rátáil Tuismitheora.

3 - Cuir isteach Cód glais leanaí a bhfuil 4 digit ann. Mura bhfuil cód socrachte agat fós, cliceáil **Socraigh cód in Glas Leanaí**. Cuir isteach Cód glais leanaí a bhfuil 4 digit ann agus dearbhaigh. Anois is féidir leat rátáil aoise a shocrú.

4 - I **Rátáil Tuismitheora**, cliceáil ar an aois agus brúigh **OK**.

5 - Brúigh  BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Roghnaigh **Gan aon cheann**. Mar sin féin, ní mór duit rátáil aoise a shocrú i roinnt tíortha.

Ní ghlasálann an teilihíse ach cláir a bhfuil rátáil níos airde acu i gcás roinnt craoltóiri/oibritheoirí. Socraítéar an rátáil aoise tuismitheora do gach cainéal.

Cainéal Nua

Stóráltar cainéal nua sa Liosta Cainéil agus marcáltar le  (réalta) iad.

D'fhéadfadh sé tarlú go dtaispeánfar Cainéil Nua i ngrúpa go huathoibríoch tar éis nuashonrú cainéal uathoibríoch. Is féidir leat cainéal nua a ghasáil, a athainmniú nó ceanán a dhéanamh as láithreach. A thuisce is a dtiúnann tú go cainéal nua, baintear an cainéal as an ngrúpa Cainéil Nua.

Chun an grúpa Cainéil Nua a oscailt, brúigh  OPTIONS agus cliceáil **Taispeán Cainéil Nua**.

Brúigh an eochair datha  Cuir Eagar ar Cheanáin chun Cainéil Ceanáin a dhéanamh.

Chun glasáil, díghlasáil nó athainmniú, brúigh  OPTIONS.

Chun an grúpa Cainéil Nua a dhúnadh, brúigh  Dún.

Déan Guardach d'Ainm Cainéil

Is féidir leat guardach a dhéanamh d'ainm cainéal sa Liosta Cainéil.

Déanann tú guardach do chainéil laistigh de ghrúpa roghnaithe cainéal. Is féidir leat cuid d'ainm an chainéil a chur isteach nó an t-ainm iomlán. Ní dhéanann an réimse guardaigh idirdhealú i gcás ceannlitreacha agus diaicriticí.

Chun guardach a dhéanamh do chainéil...

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéil teilihíse, brúigh  LIST chun an Liosta Cainéil a oscailt.

2 - Brúigh  OPTIONS in aon ghrúpa agus cliceáil **Déan Guardach do Chainéil**.

3 - Úsáid Méarchláir an Chianrialtáin chun an téacs a chur isteach agus cliceáil **Guardaigh**.

4 - Taispeánfadh an teilihíse na cainéil a aimsíodh.

5 - Chun guardach eile a dhéanamh, brúigh an eochair datha  **Guardaigh Arís**.

Roghanna Cainéil

Roghanna Oscailte

Agus tú ag féachaint ar chainéal, is féidir leat roinnt roghanna a shocrú.

Ag brath ar an gcineál cainéal a bhfuil tú ag féachaint air (analóg nó digiteach) nó ag brath ar na socruithe teilihíse atá déanta agat, tá roinnt roghanna ar fáil.

Oscail an roghchlár roghanna

Agus tú ag féachaint ar chainéal, brúigh  OPTIONS.

Roghnu Físeáin

Tá cainéal teilihíse dhigiteacha in ann comharthaí ilfhíse (craoltaí ilfhotha) a thairiscint, uillinneacha ceamara éagsúla a thabhairt den eachtra chéanna nó cláir éagsúla a thaispeáint ar aon chainéal teilihíse amháin. Taipseánann an teilihíse teachtaireacht má tá a leithéid de chainéil teilihíse ar fáil.

Dual I-II

Má tá dhá theanga fuáime ag comhartha fuáime, ach níl aon tásc teanga ag teanga amháin — nó ag an dá theanga, beidh an rogha seo ar fáil.

Common Interface

Má tá scothábhar réamhíoctha ar fáil ó CAM, is féidir leat socraithe an tsoláthrára a shocrú leis an rogha seo.

Eolas Cainéil

Roghnaigh **Eolas Cainéil** chun féachaint ar eolas teicniúil faoin gcainéal (más analóg nó digiteach é) nó faoin ngléas naschta a bhfuil tú ag féachaint air.

Monafónach/Steiréó

Chun an fhuaim a athrú go monafónach nó go steiréó roghnaigh Mono/Steiréó.

Roghanna Eile

Inrochtaineacht

Nuaire atá Inrochtaineacht casta air, déantar an teilifís a ullmhú dóibh siúd atá bodhar, a bhfuil lagú éisteachta orthu, dall nó a bhfuil lágú amhairc orthu.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochairdathá — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Inrochtaineacht**.

Fotheidil

Cas **Fotheidil air nó Fotheidil as** leis an rogha seo. Roghnaigh **Air i rith balbhaithe** chun fotheidil a thaispeáint díreach nuair atá an fhuaim balbhaithe le .

Teanga fotheideal

I gcás craolta digitigh, is féidir leat teanga fotheideal atá ar fáil a roghnú ar bhonn sealadach mura bhfuil aon cheann de na teangacha ab fhéarr leat ar fáil.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Fotheidil**.

Teangacha fuaimé

I gcás craolta digitigh, is féidir leat teanga fuaimé a roghnú ar bhonn sealadach mura bhfuil aon cheann de na teangacha ab fhéarr leat ar fáil.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Teangacha fuaimé**.

Hbb TV ar an gcainéal seo

Is féidir leat leathanaigh HbbTV ó chainéal a bhfuil HbbTV air a bhlocáil.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **HbbTV**.

Feidhmchláir MHP

Cumasaigh nó díchumasaigh na feidhmchláir MHP.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **MHP**.

Formáid Phictiúir

Bunúsach

Mura bhfuil an pictiúr ag líonadh an scáileán ar fad, má tá barraí dubha ar taispeáint ag barr nó ag bun an scáileán nó ar an dá thaobh, is féidir leat an pictiúr a athrú chun an scáileán a líonadh ar fad.

Chun ceann de na bunsocrutithe a roghnú chun an scáileán a

líonadh...

1 - Brúigh  (Formáid Pictiúir).

2 - Cliceáil **Lón Scáileán** nó **Cuir in Oiriúint don Scáileán**.

3 - Brúigh  BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

- **Lón Scáileán** – méadaíonn sé an pictiúr go huathoibríoch chun an scáileán a líonadh. Is beag díchumadh pictiúir atá ann agus bíonn na fotheidil le feiceáil i gcónaí. Níl sé feiliúnach d'ionchur ó ríomhaire. Tá roinnt formáidí pictiúr foircneacha in ann barraí dubha a thaispeáint i gcónaí.

- **Cuir in Oiriúint don Scáileán** – zúmálann sé an pictiúr isteach go huathoibríoch chun an scáileán a líonadh gan díchumadh. D'fhéadfadh barraí dubha a bheith le feiceáil. Níl sé feiliúnach d'ionchur ó ríomhaire.

Ardsocruthe

Mura bhfuil an dá bhunsocrú in ann an pictiúr a fhormáidiú ar an gcaoi atá uait, is féidir leat na hardsocruthe a úsáid. Athraíonn tú formáid do phictiúir de láimh ar do scáileán leis na hardsocruthe.

Is féidir leat an pictiúr a zúmáil, a shíneadh agus a aistriú go dtí go dtaispeánann sé a bhfuil uait – e.g. fotheidil ar iarraidh nó meirgí téacs scrollála. Má dhéanann tú an pictiúr a fhormáidiú le haghaidh Foinse ar leith – cosúil le consól cluiche nasctha – is féidir leat filleadh ar an socrú seo an chéad uair eile a úsáideann tú an consól cluiche. Stórálann an teilifís an socrú deireanach a rinne tú do gach nasc.

Chun an pictiúr a fhormáidiú de láimh...

1 - Brúigh  (Formáid Pictiúir).

2 - Brúigh — **Ardsocruthe**, má osclaíonn na socruthe **Bunúsacha** ar dtús.

3 - Úsáid **Aistriú**, **Zúmáil** nó **Sín** chun an pictiúr a athrú. Mar rogha air sin, cliceáil **Socrú Deireanach** chun athrú go dtí an fhormáid a stórál tú roimhe sin. Cliceáil **Cealaigh** chun filleadh go dtí an socrú pictiúir a bhí ann nuair a d'oscail tú **Formáid Pictiúir**.

4 - Stórálann an teilifís do chuid socruthe mar Shocruthe Deireanacha nuair a bhrúnn tú — **Bunúsach** nó  **Siar** chun an roghchlár a dhúnadh.

- **Aistriú** – Cliceáil ar na saigheada chun an pictiúr a aistriú. Ní féidir leat an pictiúr a aistriú ach amháin nuair atá sé zúmáilte isteach.

- **Zúmáil** – Cliceáil ar na saigheada chun zúmáil isteach.

- **Sín** – Cliceáil ar na saigheada chun an pictiúr a shíneadh go hingearach nó go cothromáinach.

- **Socrú Deireanach** – Cliceáil chun filleadh ar an socrú deireanach a rinne tú don nasc (foinse) seo.

- **Cealaigh** – Cliceáil chun filleadh go dtí an fhormáid pictiúir ar thosaigh tú léi.

- **Bunaíd** – Taispeánann sé formáid bhunaíd an phictiúir atá ag teacht isteach. Is formáid 1:1 picsil ar phicsil í seo. Is móid saineolaíoch é seo d'ionchur HD agus PC.

Téacs / Teilitéacs

Leathanaigh Téacs

Chun Téacs/Teilitéacs a oscailt agus tú ag féachaint ar chainéil teilihíse, brúigh **TEXT**.

Chun téacs a dhúnadh, brúigh **TEXT** arís.

Roghnaigh leathanach téacs

Chun leathanach a roghnú... .

1 - Cuir isteach uimhir an leathanaigh leis na heochracha uimhreacha.

2 - Úsáid na heochracha saighde chun nascleanúint.

3 - Brúigh eochair datha chun ábhar atá dathchódaithe a roghnú ag bun an scáileáin.

Foleathanaigh téacs

Tá roinnt foleathanach in ann a bheith ag leathanach téacs.

Taispeántar uimhreacha na bhfoleathanach ar bharra in aice le huimhir an phríomhleathanaigh.

Chun fo-leathanach a roghnú, brúigh ◀ nó ▶.

T.O.P. Leathanaigh téacs

Tairgeann roinnt craoltóirí Téacs T.O.P. a oscailt.

Chun Téacs T.O.P. Leathanaigh Téacs laistigh de Théacs, brúigh **≡ OPTIONS** agus roghnaigh **T.O.P. Forbhreathnú**.

Leathanaigh ceanán

Déanann an teilihíse liosta den 10 leathanach Téacs deireanacha a d'oscail tú. Is féidir leat iad a athoscailt sa cholún Leathanaigh Téacs Ceanán.

1 - In Téacs, roghnaigh an réalta ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe clé chun colún na leathanach ceanán a thaispeáint.

2 - Brúigh ▼ (síos) nó ▲ (suas) chun uimhir leathanaigh a roghnú agus brúigh **OK** chun an leathanach a oscailt.

Is féidir leat an liosta a ghlacadh leis an rogha **Glan leathanaigh ceanán**.

Téacs a chuardach

Is féidir leat focal a roghnú agus Téacs a scanadh le haghaidh gach ásc den fhocal sin.

1 - Oscail leathanach Téacs agus brúigh **OK**.

2 - Roghnaigh focal nó uimhir leis na méaracha saighde.

3 - Brúigh **OK** arís chun dul díreach go dtí an chéad ásc eile den fhocal nó den uimhir sin.

4 - Brúigh **OK** arís chun dul go dtí an chéad ásc eile.

5 - Chun an cuardach a stopadh, brúigh ▲ (suas) go dtí nach bhfuil aon rud roghnaithe.

Téacs ó ghléas nasctha

Tá roinnt gléasanna a fhaigheann cainéil teilihíse in ann Téacs a thairgeadh freisin.

Chun Téacs a oscailt ó ghléas nasctha . . .

1 - Brúigh **SOURCES** roghnaigh an gléas agus brúigh **OK**.

2 - Agus tú ag féachaint ar chainéal ar an ngléas, brúigh **≡ OPTIONS**, roghnaigh **Taispeán eochracha an ghléis** agus

roghnaigh an eochair **≡** agus brúigh **OK**.

3 - Brúigh **BACK** chun na heochracha gléis a chur i bhfolach.

4 - Chun Téacs a dhúnadh, brúigh **BACK** arís.

Téacs (Ríocht Aontaithe amháin)

Tairgeann roinnt craoltóirí teilihíse digití Téacs Digiteach nó teilihíse idirghníomhach ar a gcainéil dhigiteacha teilihíse. Áirítear leis seo gnáth-Théacs a úsáidtear leis na heochracha uimhreacha, dathanna agus nascleanúna chun roghanna a dhéanamh agus chun bogadh.

Chun Téacs Digiteach a dhúnadh, brúigh **BACK**.

Roghanna Téacs

Brúigh **≡ OPTIONS** in Téacs/Teilitéacs chun na rudaí seo a leanas a roghnú...

• Reoigh leathanach

Chun rothlú uathoibríoch fo-leathanach a stopadh.

• Déscáileán / Scáileán iomlán

Chun an cainéal teilihíse agus Téacs a thaispeáint in aice a chéile.

• T.O.P. Forbhreathnú

Chun Téacs T.O.P. a oscailt.

• Méadaigh

Chun an leathanach Téacs a mhéadú le go mbeidh sé éasca é a léamh.

• Nocht

Chun eolas atá i bhfolach ar an leathanach a thaispeáint.

• Timthriall foleathanach

Chun fo-leathanaigh a thimthriall nuair atá siad ar fáil.

• Teanga

Chun an grúpa caractar a mbaineann Téacs úsáid astu chun taispeáint i gceart a athrú.

• Téacs 2.5

Chun Téacs 2.5 a ghníomhachtú le haghaidh tuilleadh dathanna agus grafaicí níos fearr.

Téacs a Shuiteáil

Teanga théacs

Bíonn roinnt teangacha Téacs ar fáil ag roinnt craoltóirí teilihíse digití.

Chun an phríomhtheanga agus an teanga thánaisteach Téacs a shocrú . . .

1 - Brúigh **⚙** agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.

2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta > Teangacha** agus cliceáil **Téacs Príomhúil** nó **Téacs Tánaisteach**.

3 - Cliceáil na teangacha Téacs is fearr leat.

4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Téacs 2.5

Má tá sé ar fáil, tairgeann Text 2.5 níos mó dathanna agus grafaicí níos fearr. Gníomhachtaítear Text 2.5 mar shocrú caighdeánach monarchan.

Chun Téacs 2.5 a chasadha as...

1 - Brúigh **TEXT**.

2 - Nuair atá Téacs/Teilitéacs oscailte ar an scáileán, brúigh  **OPTIONS**.

3 - Cliceál **Téacs 2.5 > As**.

4 - Brúigh  **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Fotheidil agus Teangacha

Fotheidil

Cas As

Chun Fotheidil a chasadha air, brúigh **SUBTITLE**.

Is féidir leat fotheidil a chasadha **Air**, **As** nó **Air i rith Balbhaithe**. Nó chun fotheidil a thaispeáint go huathoibríoch nuair nach bhfuil an clár atá á chraoladh i dteanga na tire – an teanga atá socraithe don teilifís – roghnaigh **Uathoibríoch**. Taispeánfaidh an socrú seo freisin Fotheidil go huathoibríoch nuair a bhalbháonn tú an fhuaim.

Socruithe Teanga

Is féidir le cainéil dhigiteacha roinnt teangacha fotheideal a thairiscint do chlár. Is féidir leat príomhtheanga fotheideal agus teanga thánaisteach a shocrú d'fhotheidil. Má tá fotheidil ar fáil i gceann de na teangacha sin, taispeánfaidh an teilifís iad.

Mura bhfuil aon cheann de na teangacha fotheideal is fearr leat ar fáil, is féidir leat teanga fotheideal eile atá ar fáil a roghnú.

Chun an príomhtheanga agus teanga thánaisteach fhotheidil a shocrú...

1 - Brúigh  agus brúigh  (clé) **Suiteáil**.

2 - Cliceál **Socruithe Ginearálta** agus cliceál **Teangacha > Fotheidil Phríomhúla** nó **Fotheidil Thánaisteacha**.

3 - Cliceál ar an teanga atá uait.

4 - Brúigh  **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun príomhtheanga fotheideal a roghnú nuair nach bhfuil aon cheann de na teangacha atá uait ar fáil...

1 - Brúigh  **OPTIONS**.

2 - Cliceál **Teanga Fotheideal** agus cliceál ar an teanga atá uait ar bhonn sealadach.

Fotheidil ó Théacs

Má thiúnann tú do chainéal analógach, ní mór duit na fotheidil a chur ar fáil de láimh do gach cainéal.

1 - Athraigh go dtí cainéal agus brúigh **TEXT** chun Téacs a oscailt.

2 - Cuir isteach uimhir an leathanaigh a bhfuil na fotheidil orthu,

888 go hiondúil.

3 - Brúigh **TEXT** arís chun Téacs a dhúnadh.

Má roghnaíonn tú **Air** i roghchlár na bhFótheideal nuair atá tú ag féachaint ar chainéal analógach, taispeánfar fotheidil má tá siad ar fáil.

Chun fáil amach an cainéal analógach nó digiteach atá ann, athraigh go dtí an cainéal agus oscail **Eolas Cainéil** sa roghchlár  **Roghanna**.

Teangacha Fuáime

Socruithe Teanga

Is féidir le cainéil dhigiteacha teilifise fuaim a chraoladh i gcás roinnt teangacha labhartha do chlár. Is féidir leat an phríomhtheanga fuáime agus an teanga thánaisteach fuáime is fearr leat a shocrú. Má tá fuaim ar fáil i gceann de na teangacha sin, athróidh an teilifís go dtí an fhuaim sin.

Mura bhfuil aon cheann de na teangacha fuáime is fearr leat ar fáil, is féidir leat teanga fuáime eile atá ar fáil a roghnú.

Chun an phríomhtheanga agus an teanga thánaisteach fuáime a shocrú...

1 - Brúigh  agus brúigh  (clé) **Suiteáil**.

2 - Cliceál **Socruithe Ginearálta** agus cliceál **Teangacha > Príomhfhuaim** nó **Fuaim Thánaisteach**.

3 - Cliceál ar an teanga atá uait.

4 - Brúigh  **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun teanga fuáime a roghnú nuair nach bhfuil aon cheann de na teangacha fuáime is fearr leat ar fáil.

1 - Brúigh  **OPTIONS**.

2 - Cliceál **Teanga Fuáime** agus cliceál ar an teanga fuáime atá uait ar bhonn sealadach.

Teanga, bunaidh

Má tá teanga bhunaidh cláir nó scannán ag an gcainéal digiteach, is féidir leat an teilifís a shocrú go huathoibríoch chun go n-athróidh sé go dtí an teanga fuáime sin.

Chun athrú go dtí an teanga bhunaidh go huathoibríoch ...

1 - Brúigh  agus brúigh  (clé) **Suiteáil**.

2 - Cliceál **Socruithe Ginearálta** agus cliceál **Teangacha > Teanga Bhunaidh**.

3 - Cliceál **Air** chun féachaint ar scannán dubálte ina theanga bhunaidh.

4 - Brúigh  **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Teanga teilifíse

Chun teanga na roghchlár agus teachtaireachtaí teilifíse a athrú...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) Suiteáil.
- 2 - Cliceáil **Socrutithe ginearálta** agus cliceáil **Teanga > Teanga roghchláir.**
- 3 - Cliceáil ar an teanga atá uait.
- 4 - Brúigh **BACK**, aníos agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Teilifís Idirghníomhach

Maidir le iTV

Cuireann roinnt craoltóirí digiteacha a ngnáthchlár teilifíse isteach le leathanaigh eolais nó siamsaíochta i gcás teilifíse idirghníomhá. Ar roinnt leathanach, is féidir leat freagra a thabhairt do chlár nó vótáil, siopadóireacht ar líne a dhéanamh nó íoc as físeán-ar-éileamh.

HbbTV, MHEG, . . .

Baineann craoltóirí úsáid as córais idirghníomhacha éagsúla : HbbTV (Teilifís Leathanbhnda Craolta Hibridigh) nó iTV (Teilifís Idirghníomhach - MHEG). Tagraítar do Theilifís Idirghníomhach ó am go chéile mar Théacs Digiteach nó cnaipe Dearnag. Ach is córas ar leith gach córas.

Téigh go dtí láithreán gréasáin an chraoltóra chun tuilleadh eolais a fháil.

A bhfuil de dhíth ort

Ní féidir teilifís Idirghníomhach a fháil ach ar chainéis teilifíse digití. Chun leas a bhaint as na tairbhí iomlána a bhaineann le teilifís Idirghníomhach, teastaíonn nasc ardluais (leathanbhanda) Idirlín don teilifís.

HbbTV

Má thairgeann cainéal teilifíse leathanaigh HbbTV, ní mór duit HbbTV a chasadh air ar dtús i socrutithe na teilifíse chun féachaint ar na leathanaigh.

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) Suiteáil.
- 2 - Cliceáil **Socrutithe teilifíse** agus cliceáil **HbbTV.**
- 3 - Cliceáil **Air.**
- 4 - Brúigh **BACK**, aníos agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Má tá uait rochtain ar leathanaigh HbbTV a sheachaint ar chainéal ar leith, is féidir leat na leathanaigh HbbTV a bhlocáil don chainéal sin amháin.

- 1 - Tiúin go dtí an cainéal a bhfuil uait na leathanaigh HbbTV a bhlocáil.
- 2 - Brúigh **OPTIONS** agus cliceáil **HbbTV ar an gCainéal Seo.**
- 3 - Cliceáil **As.**

Úsáid iTV

Oscail leathanaigh iTV

Tugann an chuid is mó de na cainéis a thairgeann HbbTV nó iTV cuireadh duit an eochair datha (dearg) a bhrú nó an eochair **OK** chun a gclár idirghníomhach a oscailt.

Gluaiseacht ar leathanaigh iTV

Is féidir leat na heochracha saighde agus dathanna, na heochracha uimhreach agus an eochair **BACK** a úsáid chun na leathanaigh iTV a nascleanúint.

Is féidir leat na heochracha (Seinn), (Cuir ar sos) agus (Stop) a úsáid chun féachaint ar fhíseáin laistigh de leathanaigh iTV.

Téacs (Ríocht Aontaithe amháin)

Chun Téacs Digiteach a oscailt, brúigh **TEXT**. Brúigh **BACK** chun é a dhúnadh.

Leathanaigh iTV a dhúnadh

Insíonn an chuid is mó de leathanaigh iTV duit an eochair atá le húsáid chun dúnadh.

Chun dúnadh leathanach iTV a fhórsáil, athraigh go dtí an chéad chainéal teilifíse eile agus brúigh **BACK**.

12.2

Eolaire Teilifíse

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat liosta de na cláir reatha agus iad siúd atá sceidealta ar do chainéis a fheiceáil leis an Eolaire Teilifíse. Taispeánfar cainéis analógacha agus dhigiteacha nó cainéis dhigiteacha amháin, ag brath ar cé as atá eolas (sonrai) an eolaire teilifíse ag teacht. Ní bhíonn eolas Eolaire Teilifíse ag gach cainéal.

Is féidir leis an teilifís eolas eilifíse a bhailíú do na cainéis atá suiteáilte ar an teilifís. Ní féidir leis an teilifís eolas Eolaire Teilifíse a bhailíú do chainéis a bhféachtar orthu ó ghlacadóir digiteach nó díchódóir.

Sonraí Eolaire Teilifíse

Faigheann an t-eolaire teilifíse eolas (sonrai) ó chraoltóirí nó ón Idirlón. D'fhéadfadh eolas eolaire teilifíse gan a bheith ar fáil i roinnt réigiún agus i gcás roinnt cainéis. Is féidir leis an teilifís eolas eilifíse a bhailíú do na cainéis atá suiteáilte ar an teilifís. Ní féidir leis an teilifís eolas Eolaire Teilifíse a bhailíú do chainéis a bhféachtar orthu ó ghlacadóir digiteach nó díchódóir.

Is é an réamhshocrú atá ar an teilifís maidir le heolas ná **Ó gCraoltóir.**

Má thagann eolas Eolaire Teilifíse ón Idirlón, is féidir leis an Eolaire Teilifíse cainéis analógacha a liostáil in aice leis na cainéis

dhigiteacha. Taispeánann roghchlár an Eolaire Teilifíse freisin scáileán beag taobh istigh den chainéal reatha.

Ón Idirlón

Má tá an teilifís nasctha leis an Idirlón, is féidir leat an teilifís a shocrú chun eolas Eolaire Teilifíse a fháil ón Idirlón.

Chun eolas Eolaire Teilifíse a shocrú...

1 - Brúigh agus brúigh (clé) Suiteáil.

2 - Cliceáil **Socruthe Ginearálta** > **Eolaire Teilifíse** agus cliceáil **Ón Idirlón**.

3 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Taifeadtaí ar iarraidh

Nuair is cosúil go bhfuil roinnt taifeadtaí imithe ón liosta taifeadtaí, d'fhéadfadh eolas (sonrai) an eolaire teilifíse a bheith athraithe. Ní bhíonn taifeadtaí a dhéantar leis an socrú **Ón gCraoltóir** infheicthe sa liosta má athraíonn tú an socrú go **Ón Idirlón** nó an bealach eile thart. D'fhéadfadh an teilifís a bheith athraithe go **Ón Idirlón** go huathoibríoch.

Chun na taifeadtaí a chur ar fáil sa liosta taifeadtaí, athraigh go dtí an socrú a bhí roghnaithe nuair a rinneadh na taifeadtaí.

An Eolaire Teilifíse a Úsáid

Oscail an Eolaire Teilifíse

Chun an t-eolaire teilifíse a oscailt, brúigh TV GUIDE.

Brúigh TV GUIDE arís chun dúnadh.

Déanann an teilifís scanadh ar gach cainéal teilifíse le haghaidh eolas cláir an chéad uair a osclaíonn tú an tEolaire Teilifíse. D'fhéadfadh sé seo roinnt nóniméad a thógáil. Stóráiltear sonrai Eolaire Teilifíse sa teilifís.

Tiún do Chlár

Athraigh go clár

Is féidir leat athrú go clár reatha ón Eolaire Teilifíse.

Cliceáil ar ainm an chláir chun an clár a roghnú.

Gluais i dtreo na láimhe deise chun féachaint ar chláir atá sceidealaithe níos deireanaí an lá sin.

Chun athrú go dtí an clár (cainéal), roghnaigh an clár agus brúigh **OK**.

Féach ar shonraí cláir

Chun sonraí an chláir atá roghnaithe a fháil, brúigh INFO.

Athraigh an Lá

Tá an tEolaire Teilifíse in ann cláir atá sceidealaithe do na laethanta atá romhainn a thaispeáint (uasmhéid de 8 lá).

Má thagann eolas Eolaire Teilifíse ón gcraoltóir, is féidir leat + a bhrú chun sceideal ceann de na laethanta amach anseo a fheiceáil. Brúigh - chun filleadh ar an lá roimhe sin.

Mar rogha air sin, is féidir leat an eochair datha Lá a bhrú agus an lá atá uait a roghnú.

Meabhrúchán a Shocrú

Is féidir leat meabhrúchán a shocrú chun foláireamh a thabhairt duit ar an scáileán go bhfuil clár ar tí tosú.

Chun meabhrúchán a shocrú, roghnaigh an clár san Eolaire Teilifíse agus brúigh an eochair datha Socraigh meabhrúchán. Marcálfar an clár le clog .

Chun an meabhrúchán a chealú, brúigh Cealaigh Meabhrúchán.

Chun féachaint ar liosta na meabhrúchán ar fad atá socraithe agat, brúigh OPTIONS agus cliceáil **Meabhrúchán Sceidealta**.

Cuardaigh de réir Seánra

Má tá an t-eolas ar fáil, is féidir leat clár sceidealaithe a aimsiu de réir seánra cosúil le scannán, spóirt, srl.

Chun cuardach a dhéanamh do chláir de réir seánra, brúigh OPTIONS agus cliceáil **Cuardaigh de réir Séára**.

Roghnáigh seánra agus brúigh **OK**. Taispeánfar liosta leis na cláir a aimsiodh.

Taifeadtaí

Is féidir leat clár teilifíse a thaifead ón Eolaire Teilifíse, nó taifead a sceidealú. Chun na taifeadtaí a stóráil, nasc Diosca Crua USB leis an teilifís.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Thaifeadadh, brúigh an eochair datha Eochairfhocail agus déan cuardach do Thaifeadadh.

Naisc, Liosta

13.1

Athraigh go gléas

Is féidir leat athrú go gléas naschta agus féachaint ar a chlár ón liosta Foinsí.

Chun athrú go gléas naschta...

- 1 - Brúigh  SOURCES chun an roghchlár Foinsí a oscailt.
- 2 - Cliceáil ar dheilbhín an ghléis naschta. Taispeánfaidh an teilihís cláir an ghléis.
- 3 - Brúigh  BACK, chun féachaint ar theilihís.

Chun an roghchlár Foinsí a dhúnadh gan athrú go dtí gléas, brúigh  SOURCES arís.

13.2

Braith Gléis

Nuair a nascann tú gléas nua leis an teilihís, braitear an gléas agus is féidir leat cineál gléis a shannadh mar dheilbhín don ghléas nua. Má nascann tú gléas le HDMI CEC, faigheann an gléas a dheilbhín go huathoibríoch.

Má tá uait an deilbhín atá sannta ar ghléas naschta a athrú, brúigh an eochair datha  Athraigh Cineál agus roghnaigh cineál gléis a oireann don ghléas naschta.

Mura n-oireann an t-ainm don ghléas nó má tá uait d'ainm féin a thabhairt ar an ngléas, brúigh  Athainmnigh. Úsáid eochaircheap an chianrialtáin chun ainm nua a chur isteach.

Cabhraíonn cineál gléis cuí leat chun an gléas a úsáid. Cinneann an cineál gléis stíl an phictiúir agus na fuaimé, luachanna gléine, socruithe sainiúla nó an suíomh laistigh den roghchlár Foinsí.

Nuair a nascann tú gléas nua leis an teilihís, beidh deilbhín an ghléis ar thosach an roghchláir Foinsí.

Ainm agus deilbhín bunaidh

Chun deilbhín an ghléis a athrú ar ais go dtí an t-ainm bunaidh agus an cineál deilbhín a bhí aige, brúigh  OPTIONS agus cliceáil Ainm agus Deilbhín Bunaidh.

Naisc a scanadh

Chun gach nasc teilihís a athscanadh agus chun an roghchlár Foinsí a nuashonrú, brúigh  OPTIONS agus cliceáil Scan Naisc.

13.3

Seinn Aon-larrachta

Nuair atá an teilihís ar fuireachas, is féidir leat seinnteoir diosca a chasadh air le cianrialtán do theilihísé.

Seinn

Chun an seinnteoir diosca agus an teilihís araon a chasadh air ó fhuireachas agus tosú ag seinnt an diosca nó an chláir láithreach, brúigh ► (seinn) ar chianrialtán na teilihísé.

Ní mór don ghléas a bheith naschta le cábla HDMI agus ba cheart go mbeadh HDMI CEC casta air ar an teilihís agus ar an ngléas araon.

3D

14.1

A bhfuil de dhíth ort

Is teilifís 3D Gníomhach í seo. Is féidir leat féachaint ar chláir agus ar scannáin 3D ar an teilifís seo i dtaifeach iomlán Ardghléine.

Féachann tú ar ghrianghraif 3D i dtaifeach Ultra HD leis an teilifís seo ó nasc USB. Ní féidir leat féachaint ar 3D ar fhíseán dúchasach Ultra HD.

Chun féachaint ar 3D...

- tiúnáil do chainéal teilifíse a chraolann cláir i 3D
- scannán a thógáil amach ar cíos i 3D ó shiopa físeán ar líne
- féachaint ar scannán i 3D ó Dhiosca Blu-ray 3D, gléas USB nó ríomhaire.

Chomh maith leis sin, beidh ceann amháin de na cineálacha seo spéaclaí Philips 3D Gníomhach ag teastáil uait chun breathnú ar 3D ar an teilifís seo...

- PTA507
- PTA508
- PTA509
- PTA517
- PTA518
- PTA519


Díoltar gach cineál astu féin. D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh brandaí spéaclaí 3D gníomhacha eile tacaithe.

14.2

Na Spéaclaí 3D

PTA509

Forbhreathnú



1 - **①**, lasc Air nó As.

2 - **Imreoir 1/2**, Roghnú Imreoir 1 nó Imreoir 2.

3 - Lionsa glacadóra

4 - Raca na gceallraí

5 - Solas LED

Nuair a dhíphacálann tú na spéaclaí 3D, bain amach an scragall beag plaisteach ó raca na gceallraí.

Cas Air agus As

Chun na spéaclaí 3D a chasadhar, brúigh **①**.

Tógfaidh sé roinnt soicind ar na spéaclaí coigearcú don chomhartha 3D ón tarchuradóir 3D ar an teilifís. Nuair a úsáidfear den chéad uair iad, d'fhéadfadh suas le 15 soicind a bheith i gceist.

Leibhéal an Cheallaí

Is féidir leat leibhéal an cheallaí a sheiceáil nuair a chasann tú na spéaclaí 3D air.

- Má tá caochaíl uaine ón solas LED, is féidir leat na spéaclaí a úsáid ar feadh 4 uaire nó níos mó.
- Má tá caochaíl oráiste ón solas LED, is féidir leat na spéaclaí a úsáid ar feadh 2 uair a a laghad ach níos lú ná 4 uair.
- Má tá caochaíl dhearg ón solas LED, tá an ceallaí beagnach folamh agus níl fágtha ach níos lú ná 2 uair féachana.

Cas as

Brúigh **①** chun na spéaclaí 3D a chasadhar as. Beidh 4 caochadh dearg ón solas LED. Nuair nach bhfaigheann na spéaclaí 3D comharthaí 3D ar feadh 2 níoméad, casann na spéaclaí iad féin as go huathoibríoch.

Tarchuradóir 3D

Cinnigh go bhfuil an lionsa glacadóra i lár na spéaclaí in ann comharthaí 3D a fháil.

Chomh maith leis sin, ná bíodh aon rud in aice leis an tarchuradóir 3D ar an teilifís.



Cluichíocht, Cluiche Scáileán Roinnte


Is féidir leat na spéaclaí seo a úsáid chun cluichí scáileán roinnt a imirt. Is féidir le beirt imreoirí féachaint ar an teilifís chéanna ach dhá scáileán éagsúla a fheiceáil chun cluiche a imirt.

Chun na spéaclaí a athrú le go bhféadfa féachaint ar scáileán Imreoir 1 nó Imreoir 2, cas air na spéaclaí agus ansin brúigh an cnaipe **Imreoir 1/2**.

- Má tá an solas LED oráiste agus é lasta ar feadh 2 soicind, is d'imreoir 1 atá na spéaclaí socraithe.
- Má tá an solas LED oráiste agus é ag caochaíl, is d'imreoir 2 atá na spéaclaí socraithe.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan guardach do **Cluichíocht Scáileán Roinnte**.

Na ceallraí a athsholáthar



Chun an ceallra a athsholáthar, brúigh an cnaipe beag ar chlúdach an cheallra agus sleamhnaigh an cláibín anfós chun é a oscailt. Athsholáthar an ceallra: cineál CR2032 (3V). Bí cinnte go bhfuil an taobh + den cheallra infheicthe. Cuir an clúdach air arís agus sleamhnaigh anuas é go dtí go gcliceálann sé.

Rabhadh:


Tá baol pléaschta ann má athsholáthraítear an ceallra ar bhealach mícheart. Ná hathsholáthar an ceallra ach amháin leis an gcineál céanna ceallra nó a choibhéis.

Contúirt

- Ná ionghabh an ceallra. Tá baol dó cheimicigh ann.
- Tá ceallra cille atá cosúil le bonn/cnaipe sa táirge seo. Má shloigtear an ceallra cille seo, tá sé in ann a bheith ina údar do dhónna diana inmheánacha laistigh de 2 uair agus d'fhéadfáí bás a fháil.
- Coinnígh ceallraí nua agus úsáidte in áit nach bhfuil leanaí in ann lámh a leagan orthu.
- Mura ndúnann raca na gceallraí i gceart, éirigh as úsáid an táirge agus coinnígh amach ó leanaí é.
- Má cheapann tú gur sloigeadh ceallraí nua gur cuireadh laistigh d'aon chuid den cholainn iad, iarr cóir leighis láithreach.

PTA519

Forbhreathnú



1 - Lasc Air nó As - Roghnú Imreoir 1 nó Imreoir 2

2 - Lionsa glacadóra

3 - Racá na gceallraí

Nuair a dhíphacálann tú na spéaclaí 3D, bain amach an scragall beag plaisteach ó raca na gceallraí.

Cas Air agus As

Chun na spéaclaí 3D a chasadhar, brúigh **O**.

Tógfaidh sé roinnt soicind ar na spéaclaí coigearcú don chomhartha 3D ón tarchuradóir 3D ar an teilifís. Nuair a úsáidfear den chéad uair iad, d'fhéadfadh suas le 15 soicind a bheith i gceist.

Leibhéal an cheallra

Is féidir leat leibhéal an cheallra a sheiceáil nuair a chasann tú na spéaclaí 3D air.

- Má tá caochaíl uaine ón solas LED, is féidir leat na spéaclaí a úsáid ar feadh 4 uaire nó níos mó.
- Má chaochann an solas LED oráiste, is féidir leat na spéaclaí a úsáid ar feadh níos lú ná 4 uair.
- Má tá caochaíl dhearg ón solas LED, tá an ceallra beagnach folamh agus níl fágtha ach níos lú ná 2 uair féachana.

Cas as

Brúigh **O** ar feadh 2 soicind chun na spéaclaí 3D a chasadhar as. Beidh 4 caochadh dearg ón solas LED. Nuair nach bhfaigheann na spéaclaí 3D comharthaí 3D ar feadh 2 nóiméad, casann na spéaclaí iad féin as go huathoibríoch.

Tarchuradóir 3D

Cinnigh go bhfuil an lionsa glacadóra i lár na spéaclaí in ann comharthaí 3D a fháil. Chomh maith leis sin, ná bódh aon rud in aice leis an tarchuradóir 3D ar an teilifís.

- 1 - Tarchuradóir 3D ar an teilifís
- 2 - Glacadóir 3D ar na spéaclaí 3D

Cluichíocht, Cluiche Scáileáin Roinnte

Is féidir leat na spéaclaí seo a úsáid chun cluichí scáileáin roinnt a imirt. Is féidir le beirt imreoirí féachaint ar an teilifís chéanna ach dhá scáileán éagsúla a fheiceáil chun cluiche a imirt.

Chun na spéaclaí a athrú chun féachaint ar scáileán Imreoir 1 nó Imreoir 2, cas air na spéaclaí agus ansin brúigh an eochair arís chun scorán idir Imreoir 1 agus Imreoir 2.

- Má tá an solas LED uaine agus é lasta ar feadh 1.5 soicind, is d'imreoir 1 atá na spéaclaí socrithe.
- Má tá an solas LED uaine agus é ag caochaíl, is d'imreoir 2 atá na spéaclaí socrithe.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cluichíocht Scáileáin Roinnte**.

Na ceallraí a athsholáthar



Chun an ceallra a athsholáthar, rothlaigh an claibín beag ar chlé chun raca na gceallraí a oscailt. Athsholáthar an ceallra: cineál CR2032 (3V). Bí cinnte go bhfuil an taobh + den cheallra infheicthe. Cuir an claibín ar ais agus rothlaigh ar dheis chun é a dhúnadh.

Rabhadh:

Tá baol pléascha ann má athsholáthraítear an ceallra ar bhealach mícheart. Ná hathsholáthar an ceallra ach amháin leis an gcineál céanna ceallra nó a choibhéis.

Contúirt

- Ná ionghabh an ceallra. Tá baol dó cheimicigh ann.
- Tá ceallra cille atá cosúil le bonn/cnaipe sa tárge seo. Má shloigtear an ceallra cille seo, tá sé in ann a bheith ina údar do dhónna diana inmheánacha laistigh de 2 uair agus d'fhéadfáí bás a fháil.
- Coinnígh ceallraí nua agus úsáidte in áit nach bhfuil leanáin in ann lámh a leagan orthu.
- Mura ndúnnann raca na gceallraí i gceart, éirigh as úsáid an tárge agus coinnígh amach ó leanáin é.
- Má cheapann tú gur sloigeadh ceallraí nó gur cuireadh laistigh d'aon chuid den cholainn iad, iarr cóir leighis láithreach.

14.3

Ag féachaint ar 3D

Tosaigh ag Féachaint ar 3D

Nuair a athraíonn an teilifís go 3D nó nuair atá fógra ar taispeáint go bhfuil 3D ar fáil, cuir ort do spéaclaí 3D.

Mura bhfuil an teilifís in ann an comhartha 3D a bhraith (tá an clib comhartha 3D ar iaraidh), taispeántar an clár 3D mar fomhá dhúbáilte ar an scáileán. Ní mór duit 3D a chasadadh air de láimh...

Chun 3D a chasadadh air de láimh...

- 1 - Brúigh 3D.
- 2 - Cliceáil ar an socrú cuí chun pictiúr 3D cruinn a fháil. Is féidir leat **Taobh le Taobh** a roghnú, nó **Taobh le Taobh Inbhéartaithe, Barr/Bun** nó **Barr/ Bun Inbhéartaithe**.

Chun éirí as féachaint ar 3D...

- 1 - Brúigh 3D.
- 2 - Cliceáil 2D.

Athraítear 3D go 2D nuair a athraíonn tú go cainéal eile nó go gléas nasctha.

Lascadh Uathoibríoch

Is féidir leat do rogha a shocrú maidir leis an gcaoí 3D a thosú sa todhchaí an chéad uair a bhraitear comhartha 3D. Is féidir leat an socrú seo a athrú sa roghchlár Suiteáil ina dhiaidh sin.

- Chun athrú go 3D go huathoibríoch, roghnaigh **Uathoibríoch**.
- Chun fógra a thaispeáint ar dtús, roghnaigh **Fógra amháin**.
- Chun nach n-athrófar go 3D go deo, roghnaigh **Go Deo**.

Chun an socrú seo a athrú...

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) **Suiteáil**.
- 2 - Cliceáil **3D > Athraigh go 3D** agus cliceáil **Uathoibríoch, Fógra amháin** nó **Go Deo**.
- 3 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cruthaigh 3D ó 2D

Is féidir leat féachaint ar 3D i gcónaí le Tiontú 2D go 3D. Cruthaíonn an teilifís 3D go saorga ó chomhartha 2D.

Chun féachaint ar 3D ó chomhartha 2D...

- 1 - Brúigh 3D.
 - 2 - Cliceáil **Tiontú 2D go 3D**. Cuir ort do spéaclaí 3D.
- Chun casadh as...
- 1 - Brúigh 3D.
 - 2 - Cliceáil 2D.

14.4

Féachaint 3D is fearr

Chun an t-eispéireas 3D féachana is fearr a fháil, molaimid duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- suí ar a laghad achar ón teilifís atá 3 oiread airde scáileán na teilifíse, ach gan suí níos faide ná 6 méadar uaidh.
- soilsíu fluaraiseach (cosúil le soilsíu TL nó bolgáin solais áirithe atá tíosach ar fhuinneamh agus a oibríonn ar mhinicíocht íseal) agus solas díreach na gréine a sheachaint, mar go bhféadfaidís cur isteach ar an eispéireas 3D.

14.5

Cúram a thabhairt do na Spéaclaí 3D

- Ná húsáid ceimiceáin ghlanta a bhfuil alcól, tuaslagóir nó dromchlaghníomhá iontu, nó céir, beinséin, tanaitheoir, éarthach

muiscíte nó bealadh. Tá sídhathú nó scoilteanna in ann tarlú má úsáidtear na ceimiceáin sin.

- Ná nocth na spéaclaí 3D do sholas díreach na gréine, do thine ná do huisce. D'fhéadfadh mífeidhm táirge nó tine a bheith mar thoradh air sin.
- Ná lig do na spéaclaí 3D titim ar an urlár, ná lúb iad agus ná cuir brú ar lionsáí na spéaclaí 3D.
- Úsáid ceirt għlan bhog (micrisnáithín ná flainín cadáis) chun na lionsáí a għlanadha ionas nach scrabhfarr iad. Ná spraeáil ábhar glanta díreach ar na spéaclaí 3D go deo. D'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do na leictreonaic (i gcás spéaclaí 3D Gniomhach).
- Ná húsáid ceimiceáin għlanta a bhfuil alcól, tuaslagóir ná dromchlagħnómha īontu, ná céir, beinséin, tanaitheoir, éarthach muiscite nó bealadh. Tá sídhathú nó scoilteanna in ann tarlú má úsáidtear na ceimiceáin sin.

14.6

Rabhadh Sláinte

- Ní mholtar go bhféachfaidh leanaí atá níos óige ná sé bliana d'aois ar 3D.
- Má tá stair titimis ná taomanna fótamhothálacha agat féin ná ag do theagħlach, téigh i għomhairle le proifisiúnach leighis sula noctann tú tú féin d'fhoinsí soilse gealánacha, sraitheoga īomhána tapaidh ná d'fhéachaint 3D.
- Má tharlaonn sé go bhfuil tú míchompordach, éirigh as a bheith ag féachaint ar 3D agus ná gabh láithreach le haon għnionha oħech a d'fhéadfadh a bheith contúirteach (carr a thiomáint, mar shampla) go dtí go mbeidh do chuid siomptóm imithe. Má mhaireann na siomptóim, ná féach ar 3D arís gan dul i għomhairle le proifisiúnach leighis i dtosach.
- Molaimid gan féachaint ar 3D ar feadh tréimhsí fada chun míchompord cosúil le meadhrán, tinneas cinn ná mearball a sheachaint.
- Ná húsáid na spéaclaí 3D ach amháin chun féachaint ar theilifís 3D.
- Má chaitheann tú spéaclaí ceartúcháin ná má úsáideann tú lionsáí tadhaill go hiondúil, caith na spéaclaí 3D chomh maith leis na spéaclaí ná na lionsáí sin.
- Coinnigh na spéaclaí amach ó leanaí beaga ar fhaitós go slogfaidís párteanna beaga ná ceallrai.
- Ba cheart do thuismitheoirí súil a choinneáil ar a gcuid leanaí nuair atá siad ag féachaint ar 3D agus cinntiú nach bhfuil aon mhíchompord orthu, mar a luadħi thusa. Ní mholtar do leanaí níos óige ná 6 bliana féachaint ar 3D mar nach bhfuil a gcóras amhairc forbartha go hiomlán fós.
- Seachain úsáid na spéaclaí 3D i gcás ionfhabhtú súl ná galair eile a tharċċuirtear trí theagħmáħil (m.sh. toinnejteas, míolta cloiginn, etc.). Ná húsáid na spéaclaí 3D arís go dtí go mbeidh an ionfhabhtú imithe go hiomlán.

Ilamharc

15.1

Maidir le hIlamharc

Le tascbharra Ilamharc, is féidir leat athrú go héasca ó fheidhmchlár amháin a tosaíodh le gairid - teilifís, Téacs, Eolaire teilifíse, Chrome, etc. - go dtí an ceann eile. Mar shampla, is féidir leat athrú go díreach ón gcainéal teilifíse a bhfuil tú ag féachaint air go dtí an láithreán gréasáin a d'oscail tú in Google Chrome tamall ó shin.

Is féidir leat féachaint ar dhá chainéal teilifíse ag an am céanna le hIlamharc freisin. Beidh cainéal teilifíse amháin i scáileán mór, an cainéal eile i scáileán beag (Pictiúr i bPictiúr).

Níl aon fhuaim ag an scáileán beag.

Ní féidir leis an scáileán Ilamharc fíos a thaispeáint in 3D nó in Ultra HD. Níl Ilamharc ar fáil do chainéis teilifíse analógacha. Ní thacaíonn gach Feidhmchlár le hIlamharc.

15.2

An Tascbharra

Is féidir leat athrú ó fheidhmchlár amháin teilifíse a d'oscail tú le gairid go dtí ceann eile leis an tascbharra. Is féidir leis an tascbharra na 6 feidhmchlár is deireanaí a oscalaíodh a thaispeáint.

Chun athrú ó fheidhmchlár amháin go dtí ceann eile...

1 - Brúigh MULTI VIEW. Taispeánfar an tascbharra ag bun an scáileáin agus taispeánfaidh sé deilbhíní na bhfeidhmchlár is deireanaí a oscalaíodh.

2 - Cliceáil ar dheilbhín an fheidhmchláir atá uait. Athróidh an teilifís go dtí an feidhmchlár.

15.3

Féach ar Dhá Chainéal Teilifíse

Is féidir leat féachaint ar dhá chainéal teilifíse ag an am céanna le hIlamharc. Taispeánfar an dara cainéal i scáileán beag ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise.

Chun féachaint ar dhá chainéal teilifíse ag an am céanna ...

1 - Brúigh chun féachaint ar chraoladh teilifíse

2 - Brúigh MULTI VIEW. Taispeánfar an tascbharra ag bun an scáileáin.

3 - Cliceáil ar an scáileán. Taispeánfar an cainéal céanna i scáileán beag.

Chun an scáileán beag a chur i bhfolach, brúigh MULTI VIEW arís agus cliceáil ar ar an scáileán.

Má tá CAM amháin nó dhá CAM in úsáid agat chun cainéis a

dhíscrobb (dhá CAM a bhfuil cearta féachana éagsúla acu), d'fhéadfadh sé tarlú nach dtaispeánfar roinnt cainéal i scáileán beag Ilamharc. Tá an seans ann nach bhfuil na cearta ar fáil agat chun an cainéal sin a dhíscrobb ar an tiúnóir sin. Ní féidir le hIlamharc cainéis a thaispeáint ó Cuir Teilihís ar Sos.

15.4

Babhtáil Scáileán

Is féidir leat na cainéis a bhabhtáil ón scáileán mór go dtí an scáileán beag nó vice versa.

Chun cainéis a bhabhtáil ...

1 - Brúigh MULTI VIEW.

2 - Cliceáil chun na cainéis a bhabhtáil.

15.5

Téacs agus Teilihís

Is féidir leat féachaint ar chainéal teilifíse i scáileán beag Ilamharc nuair atá tú ag féachaint ar Théacs.

Chun féachaint ar chainéal teilifíse agus tú ag féachaint ar Théacs...

1 - Brúigh MULTI VIEW.

2 - Cliceáil ar an scáileán. Taispeánfar an cainéal a raibh tú ag féachaint air sa scáileán beag.

3 - Brúigh + nó -

Chun an scáileán beag a chur i bhfolach, brúigh MULTI VIEW arís agus cliceáil ar an scáileán.

Cluichí

16.1

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat cluichí a imirt ar an teilihís seo ó...

- Consól Cluiche nasctha
- Gailearaí na bhFeidhmchlár i roghchlár na bhFeidhmchlár teilihís
- An tIdirlíon ar an teilihís seo
- Siopa Google Play, cluichí atá íoslódálte ar an teilihís seo

I gcás cluichí ó Ghailearaí na bhFeidhmchlár, láithreán gréasáin Idirlín nó cluichí atá íoslódálte ó shiopa Google Play, ní mór don teilihís nasc ardluais (leathanbhanda) a bheith aici leis an Idirlíon. Teastaíonn Ceap Stiúrtha uait chun cluichí a imirt ón Idirlíon.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi nascadh leis an Idirlíon, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Shuiteáil Lónra**.

16.2

Socruthe Cluiche

Sula dtosóidh tú ag imirt cluiche, ó chonsól, Feidhmchlár nó ón Idirlíon, socraigh an teilihís go dtí na socruthe teilihís is fearr do Chluichíocht. Cabhróidh sé sin le luas agus le beachtas imirt an chluiche.

Má chuirtear do Chonsól Cluiche leis an liosta mar chineál gléis **Cluiche** sa roghchlár Foinsí (an liosta nasc), socraítear an teilihís go dtí an socrú is fearr do chluichí go huathoibríoch. Má shocraítear cineál do Chonsól Cluiche mar **Imreoir** agus má úsáidtear mar sheinnteoir diosca é an chuid is mó den am, fág socrú an chinéal gléis ar **Imreoir**.

Chun an teilihís a shocrú de láimh go dtí an socrú is fearr a fheileann...

- 1 - Brúigh agus cliceáil **Cluiche**.
- 2 - Cliceáil Air. Socraítear an teilihís go dtí na socruthe is fearr do chluichíocht.
- 3 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ná déan dearmad an socrú seo a chur ar ais go **As** nuair a éiríonn tú as imirt an chluiche.

16.3

Cluiche a Imirt

Ó Chonsól Cluiche

Is féidir leat cluiche a imirt ó Chonsól Cluiche nasctha ar an teilihís.

Chun an cluiche a thosú...

- 1 - Cas air an Consól Cluiche.
- 2 - Brúigh **SOURCES** agus cliceáil ar an gConsól Cluiche nó ar a nasc.
- 3 - Tosaigh an cluiche.
- 4 - Brúigh **HOME** chun stopadh agus roghnaigh gníomhaíocht eile.

Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi Consól Cluiche a nascadh, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Consól Cluiche, nasc**.

Ó na Leathanaigh Feidhmchlár

Is féidir leat cluiche atá suiteáilte ar na leathanaigh Feidhmchlár a imirt ar an teilihís.

Chun an cluiche a thosú...

- 1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
- 2 - Cliceáil sa bharra ar barr chun **Feidhmchlár** a oscailt.
- 3 - Sna leathanaigh Feidhmchlár, cliceáil ar Fheidhmchlár an chluiche a bhfuil uait é a imirt.
- 4 - Cliceáil ar dheilbhín an chluiche chun an imirt a thosú. Úsáid Ceap Stiúrtha chun imirt.
- 5 - Brúigh **HOME** agus roghnaigh gníomhaíocht eile chun stopadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi nascadh leis an Idirlíon, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Lónra, nasc**.

Ón Idirlíon

Is féidir leat cluiche a imirt go díreach ón Idirlíon ar an teilihís.

Chun cluiche a thosú...

- 1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
- 2 - Cliceáil sa bharra ar barr chun **Feidhmchlár** a oscailt.
- 3 - Ar leathanaigh na bhFeidhmchlár, cliceáil ar Bhrabhsálaí Idirlín cosúil le **Google Chrome**.
- 4 - Téigh go dtí láithreán gréasáin ar féidir cluichí a imirt air ar an Idirlíon.
- 5 - Cliceáil ar dheilbhín an chluiche chun an imirt a thosú. Úsáid Ceap Stiúrtha chun imirt.
- 6 - Brúigh **HOME** agus roghnaigh gníomhaíocht eile chun stopadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi nascadh leis an Idirlíon, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Lónra, nasc**.

Ceapa Stiúrtha

Chun cluichí ón Idirlón a sheinnt ar an teilifís seo, is féidir leat raon roghnaithe Ceapa Stiúrtha gan sreang a nascadh. Tá an teilifís in ann tacú le 2 Ceap Stiúrtha nasctha ag aon am amháin. Nuair a nascann tú an Ceap Stiúrtha, is féidir leat é a úsáid láithreach.

Is féidir leat an Ceap Stiúrtha a úsáid freisin chun an Pointeoir a rialú.

Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi ceap stiúrtha a nascadh, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Ceap Stiúrtha, nasc.**

Cluichíocht, Cluiche Scáileán Roinnte

Maidir le Cluichíocht Scáileán Roinnte

Má imríonn tú cluiche ilimreoir a bhfuil scáileán roinnte ann, is féidir leat an teilifís a shocrú chun gach scáileán a thaispeáint mar scáileán iomlán. Ní fheiceann gach imreoir ach a chuid féin den chluiche mar scáileán iomlán. Baineann an teilifís úsáid as teicneolaíocht 3D chun an dá scáileán a thaispeáint.

Na rudaí a bheidh ag teastáil uait

Chun cluiche dhá imreoir a imirt leis an teilifís seo, teastaíonn 2 péire spéaclaí 3D gníomhacha uait - Philips PTA507, PTA508, PTA509, PTA517, PTA518 nó PTA519.

Chomh maith leis sin, ní mór don chonsól cluiche a bheith nasctha le HDMI.

Cluiche Scáileán Roinnte a Imirt

Chun cluiche dhá imreora a imirt...

- 1 - Brúigh **SOURCES** agus cliceáil an consól cluiche.
- 2 - Tosaigh an cluiche ar an gconsól cluiche agus roghnaigh an mó dhá imreoir. Roghnaigh an mó do scáileán roinnte.
- 3 - Brúigh agus cliceáil **Cluiche** ar an teilifís.
- 4 - Cliceáil **Scáileán Roinnte, Clé/Deas** nó **Scáileán Roinnte, Barr/Bun**, ag brath ar an bhformáid ina thaispeántar an cluiche scáileán roinnte ar an scáileán. Taispeánfaidh an teilifís an 2 scáileán mar scáileán iomlána.
- 5 - Cuir ort na spéaclaí 3D chun féachaint ar an 2 scáileán éagsúla.

Chun na spéaclaí a athrú chun féachaint ar scáileán Imreoir 1 nó scáileán Imreoir 2, brúigh an eochair roghnaithe **Imreoir 1/2ar** na spéaclaí.

Athraigh an t-amharc go scáileán roinnte agus ar ais arís

Nuair atá an amharc athraithe agat go scáileán roinnte do dhá

imreoir, is féidir leat athrú ar ais go dtí scáileán amháin chun go mbeidh tú in ann roghchlár an chluiche a léamh, nó scír an chluiche.

Chun an t-amharc a athrú ar ais, brúigh **OK** ar chianrialtán na teilifíse.

Cluiche dhá imreoir a stopadh

Chun an scáileán roinnte do dhá imreoir a stopadh, brúigh agus roghnaigh gníomhaíocht eile.

Meáin

17.1

Ó Nasc USB

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó mhéaróg chuimhne USB nó diosca crua USB nasctha.

Agus an teilihís casta air agat, plugáil isteach méaróg chuimhne USB nó Diosca Crua USB i gceann de na nasc USB. Braithfidh an teilihís an gléas agus tabharfaidh sé liosta de do chomhaid Meán. Mura dtaispeánfar an liosta comhad go huathoibríoch, brúigh  SOURCES agus cliceáil **USB**.

Is féidir leat cuardach a dhéanamh do chomhad leis an réimse cuardaigh nó do chomhaid a bhrabhsáil sa struchtúr fillteán atá eagraithe agat ar an tiomántán.

Déanfaidh an teilihís do chomhaid Meán a chuachadh freisin ag brath ar a gcineál –  Físeán,  Grianghraif nó  Ceol. Tá feidhmeanna na n-eochracha datha agus na roghanna in  OPTIONS tiomanta mar sin do gach cineál.

Brúigh  HOME agus roghnaigh gníomhaíocht eile chun éirí as seinnt físeán, grianghraf agus ceol.

Rabhadh:

Má dhéanann tú iarracht clár a chur ar sos nó é a thaifeadadh nuair atá Diosca Crua USB, iarrfaidh an teilihís ort an Diosca Crua USB a fhormáidiú. Scriosfaidh an formáidiú seo gach comhad reatha ar an Diosca Crua USB.

17.2

Ó Ríomhaire nó NAS

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó ríomhaire nó ó NAS (Stórás atá Ceangailte le Lónra) i do líonra baile.

Ní mór don teilihís agus don ríomhaire nó NAS a bheith sa líonra baile céanna. Ní mór duit Bogearrái Freastalaí Meán cosúil le Twonky™ a shuiteáil ar do ríomhaire nó do NAS. Ní mór do do Fhrestálaí Meán a bheith socraithe chun comhaid a roinnt leis an teilihís. Taispeánfaidh an teilihís do chomhaid agus d'fhillteáin mar a eagraíonn an Freastálaí Meán iad nó mar atá siad struchtúrtha ar do ríomhaire nó NAS. Tá feidhmeanna na n-eochracha datha agus na roghanna in  OPTIONS mar a chéile do gach ceann de na comhaid Meán ar an teilihís.

Má thacaíonn an Freastálaí Meán le cuardach do chomhaid, beidh réimse cuardaigh ar fáil.

Chun na comhaid a bhrabhsáil agus a sheinnt ar do ríomhaire, brúigh  SOURCES, cliceáil SimplyShare.

17.3

Ó Ghléas Soghluaiste

Maidir le Wi-Fi Miracast

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó ghléas soghluaiste le Wi-Fi Miracast™.

Is gléas **Wi-Fi Certified Miracast™** do theilihís. Is féidir leat breathnú ar scáileán d'fhón cliste, taibléad nó ríomhaire ar scáileán do theilihís le Miracast™, nó é a roinnt gan sreang. Is féidir leat físeáin a shruthú (fuaim agus fí), grianghraif a roinnt nó rud ar bith eile atá ar scáileán an ghléis. Ní gá an gléas a nascadh le do líonra baile. Ní mór don teilihís agus don ghléas a bheith ina ngléasanna Wi-Fi Certified Miracast™ agus ní mór do Miracast a bheith casta air.

Tá Miracast ar an teilihís seo faoi réir ag an bprótacal HDCP agus ní féidir leis scothábhar a seoltar trí ghléas agus a bhfuil cosaint ar chóipeáil air a thaispeáint. Is é an taifeach físeáin is airde a dtacaitear leis ná 720p do 2.4GHz Wi-Fi nó 1080p do 5GHz Wi-Fi.

Téigh go dtí www.wi-fi.org chun tuilleadh eolais a fháil ar Wi-Fi Certified Miracast™.

Is trádmharcanna cláraithe de chuid an Wi-Fi Alliance **Wi-Fi®**, an logó Wi-Fi CERTIFIED, an logó Wi-Fi. Is trádmharcanna de chuid an Wi-Fi Alliance **Wi-Fi CERTIFIED Miracast™, Miracast™**.

Cas air Miracast

Cinntigh go bhfuil Wi-Fi Miracast casta air.

- 1 - Brúigh  agus brúigh  (clé) do Shuiteáil.
- 2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > Wi-Fi Miracast.
- 3 - Cliceáil **Air**.
- 4 - Brúigh  BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Scáileán a roinnt ar an teilihís

Chun scáileán d'fhón cliste, taibléad nó do ríomhaire a roinnt ar an teilihís...

- 1 - Cas air an teilihís.
- 2 - Oscail feidhmchlár ar an ngléas, leithéidí Wi-Fi Miracast, Wi-Fi Direct™, Intel®gan sreang Display* nó feidhmchlár cosúil leo agus cuir tú le scanadh do ghléasanna eile Miracast.
- 3 - Roghnaigh an teilihís sa liosta ghléasanna a aimsíodh agus nasc.
- 4 - Glac leis an iarratas ar an teilihís chun nascadh leis an teilihís. D'fhéadfaí iarraidh ort cód PIN a chur isteach ar an teilihís ón ngléas - cuir isteach na huimhreacha leis na heochracha uimhreach ar an gciánrialtán. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh an teilihís iarraidh ort cód PIN a chur isteach ar an ngléas. Má nascann tú, taispeánfaidh an teilihís scáileán an ghléis.
- 5 - Roghnaigh na físeáin, na grianghraif nó na comhaid ar an

ngléas a bhfuil uait breathnú orthu ar an teilihís.

* Tacaíonn leagan WiDi 3.5 agus leaganacha níos deireanaí le Miracast.

D'fhéadfá an nasc Wi-Fi (e.g. 'DIRECT_tvname') a aimsiú freisin i liostaí líonraí atá ar fáil ar ghléasanna eile líonra, e.g. do ríomhaire glúine. Mar sin féin, ní féidir ach ghléasanna Wi-Fi Miracast an nasc seo a úsáid.

Éirigh as Roinnt

Is féidir leat éirí as roinnt ón teilihís nó ón ngléas soghluaise.

Ón ngléas

Is féidir leat an feidhmchlár a d'úsáid tú chun Miracast a thosú a úsáid chun dínaoscadh agus éirí as féachaint ar scáileán an ghléis ar an teilihís. Athróidh an teilihís ar ais go dtí an clár deireanach a bhí roghnaithe.

Ón teilihís

Chun éirí as féachaint ar scáileán an ghléis ar an teilihís, is féidir leat . . .

- brúigh chun féachaint ar chraoladh teilihís
- brúigh chun gníomhaíocht eile ar an teilihís a thosú
- brúigh SOURCES chun an roghchlár Foinsí a oscailt agus ghléas nasctha a roghnú.

Gléas a Bhlocáil

Is féidir leat gléas a bhlocáil an chéad uair a fhaigheann tú iarratas uaidh nascadh. Déanfar neamháird den iarratas sin agus gach iarratas eile ón ngléas sin sa todhchaí.

Chun gléas a bhlocáil, cliceáil **Blocáil** . . .

Díbhlocáil gach gléas

Tá gach gléas a nascadh agus a blocáladh roimhe seo stórálte i liosta nasc Wi-Fi Miracast. Má ghlannann tú an liosta seo, díbhlocálfar gach gléas atá blocáilte.

Chun gach gléas blocáilte a dhíbhlocáil . . .

- 1 - Brúigh agus brúigh (clé) do **Shuiteáil**.
- 2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Nasc Wi-Fi Miracast**. Glanfar an liosta.
- 3 - Brúigh BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun gléas a bhí nasctha cheana féin a bhlocáil

Má tá uait gléas a bhí nasctha cheana féin a bhlocáil, ní mór duit an liosta nasc Wi-Fi Miracast a ghlannadh ar dtús. Má ghlannann tú an liosta seo, beidh ort an nasc do gach gléas a dhearbhú nó a bhlocáil arís.

Moill Scáileán

Isteach is amach le 1 soicind an ghnáthmhoill nuair atáthar ag roinnt scáileán le Miracast. D'fhéadfadh an mhoill a bheith níos faide má tá ghléasanna/ríomhairí níos sine in úsáid agat a bhfuil níos lú cumhachta próiseála acu.

17.4

Físeáin

Físeáin a Sheinnt

Braitheann an chaoi liosta comhad meán a oscailt ar an teilihís ar an gcineál gléis a bhfuil na comhaid stórálte air.

Chun físeán a sheinnt, cliceáil ar ainm comhaid an fhíseáin sa Liosta comhad Meán.

- Chun gabháil ar aghaidh go dtí an chéad fhíseán eile nó an ceann roimhe sin, brúigh + nó -.
- Chun an físeán a chur ar sos, brúigh **OK**. Brúigh **OK** arís chun leanúint ar aghaidh.
- Chun léim 10-soicind i bhfíseán a dhéanamh, nó léim 10-soicind siar, brúigh nó .
- Chun atochrais nó mear-chasadh, brúigh nó . Brúigh na heochracha roinnt uaireanta chun an luas a ardú - 2x, 4x, 8x, 16x, 32x.
- Chun athsheinnt an fhíseáin a stopadh, brúigh (Stop).
- Chun dul ar ais go dtí an fillteán, brúigh BACK.

Barra Dul Chun Cinn

Chun an barra dul chun cinn a thaispeáint nuair atá físeán á sheinnt (suíomh seinnchnoga, fad, teideal, dáta, etc.), brúigh INFO.

Brúigh arís chun an t-eolas a chur i bhfolach.

Roghanna Físeáin

Feidhmeanna na n-eochracha datha agus Roghanna chun físeán a sheinnt.

- **Seinn Gach Ceann** – Seinn gach comhad físeán san fhillteán seo.
- **Seinn Ceann Amháin** – Seinn an físeán seo amháin.
- **Liosta** – Taispeán físeán mar chomhaid i liosta.
- **Mionsamhlacha** – Taispeán físeán mar mhionsamhlacha.
- **Athsheinn go randamach** – Seinn do chomhaid in ord randamach.
- **Fotheidil** – Má tá siad ar fáil, is féidir leat fotheidil a chasad Air, As nó Air i rith Balbhaithe.
- **Teanga Fotheideal** – Má tá siad ar fáil, roghnaigh Teanga Fotheideal.
- **Teanga Fuaimé** – Má tá siad ar fáil, roghnaigh Teanga Fuaimé.
- **Athsheinn** – Seinneann sé gach físeán san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach.

Grianghraif

Féach ar Ghrianghraif

Braitheann an chaoi liosta comhad meán a oscailt ar an teilifís ar an gcineál gléis a bhfuil na comhaid stóráilte air.

Chun féachaint ar ghrianghraif, cliceáil ar ainm comhaid an grianghraif i Liosta na gcomhad Meán.

Má tá go leor grianghraif i bhfillteán, is féidir leat taispeántas sleamhnán a thosú.

Chun taispeántas sleamhnán a thosú...

1 - Roghnaigh grianghraif san fhillteán.

2 - Brúigh an eochair datha  **Taispeántas Sleamhnán**.

- Chun gabháil ar aghaidh go dtí an chéad ghrianghraif eile nó an ceann roimhe sin, brúigh  + nó  -.

- Chun an taispeántas sleamhnán a stopadh nó an grianghraif a dhúnadh, brúigh  **LIST** nó ■ (Stop).

Chun ceol a sheinnt leis an taispeántas sleamhnán...

1 - Tosaigh an ceol sula dtosóidh tú an taispeántas sleamhnán.

2 - Roghnaigh amhrán nó fillteán a bhfuil amhráin ann agus brúigh **OK**.

3 - Roghnaigh grianghraif nó fillteán a bhfuil grianghraif ann agus brúigh  **Taispeántas sleamhnán**.

Eolas

Chun féachaint ar eolas maidir le grianghraif, (méid, dáta cruthaithe, cosán comhad, srl.), roghnaigh grianghraif agus brúigh  **INFO**.

Brúigh arís chun an t-eolas a chur i bhfolach.

Roghanna Grianghraif

Feidhmeanna na n-eochracha datha agus Roghanna chun féachaint ar ghrianghraif.

- **Taispeántas sleamhnán** – Taispeánann sé grianghraif ceann i ndiaidh a chéile.
- **Sórtáil** – Sórtálann sé na grianghraif in ord loighiciúil.
- **Liostáil** – Taispeánann sé grianghraif mar chomhaid i liosta.
- **Mionshamlacha** – Taispeánann sé grianghraif mar mhionsamhlacha.
- **Athsheinn go randamach** – Seinn do chomhaid in ord randamach.
- **Seinn arís** – Seinn an taispeántas sleamhnán uair amháin nó go leanúnach.
- **Stop Ceol** – Stop an ceol atá á sheinnt sa chúlra.
- **Luas an Taispeántais Sleamhnán** – Socraíonn sé luas an taispeántais sleamhnán.
- **Trasdul an Taispeántais Sleamhnán** – Socraíonn sé stl na dtrasdulta grianghraif.
- **Rothlaigh** – Rothlaigh an grianghraif go tírdhreach nó go portráid.

- **Socraigh mar Fhráma Grianghraif** – Roghnaigh an grianghraif seo mar ghrianghraif fhráma grianghraif sa ghiúirléid Fráma Grianghraif sa roghchlár Baile.

Ceol

Seinn Ceol

Braitheann an chaoi liosta comhad meán a oscailt ar an teilifís ar an gcineál gléis a bhfuil na comhaid stóráilte air.

Chun amhrán a sheinnt, cliceáil ar ainm comhaid an amhráin sa Liosta comhaid Meán.

Má tá roinnt amhrán i bhfillteán, is féidir leat éisteacht leo ceann i ndiaidh a chéile.

- Chun dul ar aghaidh go dtí an chéad amhrán eile nó an ceann roimhe sin, brúigh  + nó  -.

- Chun an t-amhrán a chur ar sos, brúigh **OK**. Brúigh **OK** arís chun leanúint ar aghaidh.

- Chun léim 10-soicind a dhéanamh in amhrán, nó léim 10-soicind siar, brúigh ► nó ◀.

- Chun atochrais nó mear-chasadh, brúigh ►► nó ◀◀. Brúigh na heochracha roinnt uaireanta chun an luas a ardú - 2x, 4x, 8x, 16x, 32x.

- Má bhrúnn tú  **LIST** nó ↲ **BACK**, leanfaidh an ceol ar aghaidh.

- Chun athsheinnt an cheoil a stopadh, brúigh ■ (Stop).

Barra Dul Chun Cinn

Chun an barra dul chun cinn a thaispeáint nuair atá amhrán á sheinnt (suíomh seinnchnoga, fad, teideal, dáta, etc.), brúigh  **INFO**.

Brúigh arís chun an t-eolas a chur i bhfolach.

Roghanna Ceoil

Feidhmeanna na n-eochracha datha agus Roghanna chun ceol a sheinnt.

- **Seinn Gach Ceann** – Seinn gach amhrán san fhillteán seo.

- **Seinn Ceann Amháin** – Seinn an t-amhrán seo amháin.

- **Athsheinn go randamach** – Seinn do chomhaid in ord randamach.

- **Seinn Arís** – Seinn gach amhrán san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach.

Athsheinn

18.1

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat craoladh teilihise digití a chur ar sos agus tosú ag féachaint air arís níos deireanaí.

Chun clár teilihise a chur ar sos, beidh na nithe seo ag teastáil uait...

- Tiomántán Diosca Crua USB nasctha ar an teilihise seo
- cainéil teilihise dhigiteacha suiteáilte ar an teilihise seo
- chun eolais faoi chainéil a fháil don Eolaire Teilihise ar an scáileán

Ní féidir leat an Teilihise a chur ar Sos agus tú i mbun Taifeadta.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha ➔
Eochairfhocail agus déan cuardach do **Diosca Crua USB**,
suiteáil.

18.2

Clár a chur ar sos

Cuir ar sos

Chun craoladh a chur ar sos agus a thosú arís...

Chun craoladh a chur ar sos, brúigh II (Cuir ar sos). Beidh barra dul chun cinn le feiceáil ar an scáileán ar feadh roinnt soicind. Chun an barra dul chun cinn a thaispeáint ar an scáileán arís, brúigh II (Cuir ar sos) arís.

Chun tosú ag féachaint arís, brúigh ► (Seinn). Taispeánfar deilbhín beag ► ar an scáileán a mbeidh an t-am craolata air.

Is féidir leat craoaldh a chur ar sos ar feadh tréimhse ama nach faide ná 90 nóiméad.

Brúigh ■ (Stop) chun filleadh ar an gcaroladh teilihise féin.

Barra dul chun cinn

Chun an barra dul chun cinn a thaispeáint, brúigh II (Cuir ar sos) nuair atá clár curtha ar sos agat, nó brúigh ► (Seinn) nuair a thosaíonn tú ag féachaint air arís. Nuair atá an barra dul chun cinn ar an scáileán, brúigh ◀ (Atochrais) nó brúigh ►► (Ar Aghaidh) chun an áit a bhfuil uait tosú ag féachaint ar an gcaroladh atá curtha ar sos a roghnú. Brúigh na heochracha sin arís agus arís eile chun an luas a athrú.

Nuair atá clár á thaifeadadh ar Dhiosca Crua USB, ní féidir leat craoladh a chur ar sos.

Athsheinn

Nuair atá an Diosca Crua USB nasctha agus formáidithe, stórálann an teilihise an craoaldh teilihise a bhfuil tú ag féachaint air. Nuair a athraíonn tú go cainéil eile, glantar craoladh an chainéil roimhe sin. Nuair a athraíonn tú an teilihise go Fuireachas, glantar an craoladh freisin.

Mar go stórálann an teilihise an craoladh a bhfuil tú ag féachaint air, is féidir leat an craoladh a athscheinnt ar feadh roinnt soicind.

Chun an craoladh reatha a athscheinnt ...

1 - Brúigh II (Cuir ar sos)

2 - Brúigh ◀ (Clé). Is féidir leat ◀ a bhrú arís agus arís eile go dtí go mbainfidh tú amach tús stóras an chraolta nó an t-uasmhád ama.

Taifeadadh

19.1

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat craoladh teilifíse digití a thaifeadadh agus féachaint air níos deireanaí.

Chun clár teilifíse a thaifeadadh, teastaíonn na nithe seo a leanas uait...

- Tiomántán Diosca Crua USB nasctha ar an teilifís seo
- cainéil teilifíse dhigiteacha suiteáilté ar an teilifís seo
- chun eolais faoi chainéis a fháil don Eolaire Teilifíse ar an scáileán
- socrú cloig teilifíse iontaofa. Má athshocraíonn tú clog na teilifíse de láimh, d'fhéadfadh na taifeadtaí teipeadh.

Ní féidir leat taifeadadh nuair atá Cuir an Teilifís ar Sos in úsáid agat.

Ní cheadaíonn roinnt oibritheoirí teilifíse digití taifeadadh cainéal.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi Diosca Crua USB a shuiteáil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Diosca Crua USB**, suiteáil.

19.2

Clár a Thaifeadadh

Taifead Anois

Chun an clár a bhfuil tú ag féachaint air a thaifeadadh, brúigh **(Taifead)** ar an gcianrialtán. Tosóidh an taifeadadh láithreach.

Nuir atá sonraí Eolaire Teilifíse ar fáil, taifeadfar an clár a bhfuil tú ag féachaint air ina iomlán. Mura bhfuil aon sonraí Eolaire Teilifíse ar fáil, ní mhairfidh an taifeadadh ach 30 nóiméad. Is féidir leat an t-am a chríochnóidh an taifeadadh a athrú sa Liosta Taifeadtaí.

Chun taifeadadh a stopadh, brúigh **■** (Stop).

Sceidealaithe Taifeadadh

Is féidir leat taifeadadh cláir atá le craoladh inniu nó i gceann cúpla lá (suas le 8 lá) a sceidealú.

Chun taifeadadh a sceidealú...

- 1 - Brúigh **Eolaire Teilifíse**. Ar leathanach an Eolaire Teilifíse, roghnaigh an cainéal agus an clár a bhfuil uait é a thaifeadadh. Brúigh **►** (Deas) nó **◀** (Clé) chun scrolláil trí chláir cainéil. Úsáid na heochracha datha chun an lá atá uait a roghnú.
- 2 - Agus an clár roghnaithe agat, brúigh an eochair datha **Taifead**. Tá an clár sceidealta chun taifeadadh.

Taispeánfar rabhadh go huathoibríoch nuair atá taifeadtaí sceidealta atá ag forluí ar a chéile. Má tá tú ag beartú clár a thaifeadadh nuair nach bhfuil tú sa bhaile, ná déan dearmad an teilifís a fhágáil ar Fuireachas agus an Diosca Crua USB a fhágáil casta air.

3 - Cuireann an teilifís roinnt ama maolán isteach ag deireadh gach clár. Is féidir leat tullaeadh maolán a chur isteach má theastaíonn sé.

Chun an t-am a chríochnaíonn an taifeadadh a athrú...

- 1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
- 2 - Cliceáil **Feidhmchláir** agus cliceáil **Taifeadtaí**.
- 3 - Roghnaigh an taifeadadh a bhfuil uait é a athrú agus brúigh **Athraigh Am**. Má thagann an Eolaire Teilifíse ón Idirlón, roghnaigh an taifeadadh agus brúigh OK. Má thaispeántar eolas cláir, brúigh **Athraigh Taifeadadh**.

Liosta Taifeadtaí

Taispeánfar gach taifeadadh agus gach taifeadadh atá sceidealta sa Liosta Taifeadtaí.

Chun an liosta a oscailt...

- 1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
- 2 - Cliceáil **Feidhmchláir** agus cliceáil **Taifeadtaí**.

Sa liosta seo, is féidir leat taifeadadh a roghnú chun féachaint air, clár atá taifeadta a bhaint as, am deiridh taifeadta a athrú nó an spás saor ar an diosca a sheiceáil.

Is féidir leat taifeadadh a sceidealú freisin a shocraíonn tú an t-am tosaigh agus deiridh tú féin, mar thaifeadadh nach bhfuil nasctha le clár.

Chun taifeadadh amaithe a shocru...

- 1 - Brúigh **OPTIONS** agus cliceáil **Sceideal**. Nó, má thagann an tEolaire Teilifíse ón Idirlón, brúigh **Sceidealaithe Nua**.
- 2 - Socraigh an cainéal, an dáta agus an tréimhse ama.
- 3 - Cliceáil **Sceideal** chun an taifeadadh a dhearbhú.

Chun taifeadadh sceidealta a bhaint as...

- 1 - Roghnaigh an taifeadadh atá ag teacht aníos sa Liosta Taifeadtaí.
- 2 - Brúigh **Bain as**.

Ag Féachaint ar an Teilifís i rith Taifeadta

Chun féachaint ar chainéal agus chun cainéal eile a thaifeadadh ag an am céanna, tá 2 tiúnóir ag an teilifís seo. Mar sin féin, bíonn na cainéil atá ar fáil chun féachaint orthu i rith taifeadta ag brath ar shuiteáil do theilifíse chun glacadh le cainéis.

Na cainéil ar féidir leat féachaint orthu i rith taifeadta...

Má úsáideann tú 1 CAM chun cainéal scrofa a dhíchódáil, is féidir leat féachaint díreach ar na cainéil nach dteastaíonn díchódáil uathu agus ar an gcainéal atá á thaifeadadh agat.

Má úsáideann tú 2 CAM chun cainéil scrofa a dhíchódáil agus má tá na cearta féachana céanna ag an dá chárta cliste, is féidir leat féachaint ar gach cainéal, lena n-áirítear an ceann atá á thaifeadadh agat.

Má úsáideann tú 2 CAM nach bhfuil na cearta féachana céanna acu, is féidir leat féachaint díreach ar chainéil an CAM a bhfuil níos lú ceart féachana acu agus ar an gcainéal atá á thaifeadadh agat.

Má tá córas Unicable in úsáid agat agus mura bhfuil ach 1 Banda Úsáideora amháin ar fáil duit, is féidir leat díreach féachaint ar an cainéal nach dteastaíonn díchódú uathu agus ar an gcainéal atá á thaifeadadh agat.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cárta Cliste, CAM**.

19.3

Féach ar Thaifeadadh

Chun féachaint ar thaifeadadh...

- 1 - Brúigh  **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
- 2 - Cliceáil  **Feidhmchláir** agus cliceáil  **Taifeadtaí**.
- 3 - Sa liosta, roghnaigh an taifead agus brúigh **OK** chun an t-athsheim a thosú. Is féidir leat na heochracha  (Ar aghaidh),  (Atochras),  (Cuir ar sos) nó  (Stop) a úsáid ar an gcianrialtán.

Is féidir le craoltóir teorainn a chur leis an lín laethanta ar féidir féachaint ar thaifeadadh. Is féidir le taifeadadh sa liosta an lín laethanta sula ngabhfaidh sé in éag a thaispeáint.

Nuir a chuireann an craoltóir cosc le taifeadadh sceidealaithe nó nuair a bhristear isteach ar chraoladh, marcáltear taifeadadh mar **Teipthe**.

Chun taifeadadh a bhaint as...

- 1 - Roghnaigh an taifeadadh sa Liosta Taifeadtaí
- 2 - Brúigh **Bain as** nó **Scrios**.

Skype

20.1

Maidir le Skype

Nuair atá **Skype™** ar do theilifís agat, is féidir leat cuimhní a chruthú agus a roinnt díreach ó do sheomra suite, fiú nuair nach bhfuil sibh le chéile.

Ní gá daoibh bailiú timpeall an ríomhaire a thuilleadh. Is féidir leat glaonna gutha agus físe Skype-le-Skype a dhéanamh in aisce le gléasanna eile atá cumasaithe do Skype.

Is féidir leat labhairt le do chairde ar an scáileán mór agus spás a réiteach i do sheomra suí inar féidir leis an teaghlaigh ar fad taitneamh a bhaint as.

20.2

Tosaigh le Skype

An ceamara

Tá ceamara agus micreafón ionsuite ag do theilifís. Tá an ceamara suite gar d'fhocalmharc Philips.

Má tá an ceamara i bhfolach nuair a thosaíonn tú Skype, sleamhnóidh sé amach go huathoibríoch. Cinntigh nach bhfuil aon bhac roimh an gceamara agus é ag sleamhnú amach.

Nuair atá Skype ag déanamh glao Físe, lasfaidh an LED gorm in aice leis an gceamara.

Sínigh isteach

Sínigh isteach go Skype le do **Ainm Skype** agus **pasfhocal**. Mura bhfuil Ainm Skype agat fós, ní mór duit cuntas Skype nua a chruthú.

Chun síniú isteach go Skype...

- 1 - Brúigh  chun an roghchlár Baile a oscailt.
- 2 - Cliceáil  **Feidhmchláir** agus cliceáil **Skype**.
- 3 - Má thosaíonn tú Skype den chéad uair, is féidir leat an ceamara a choigeartú.
- 4 - Murar shníugh tú isteach go Skype ar an teilifís seo cheana, cliceáil **Sínigh isteach** nó **Cuir cuntas leis an liosta**. Más rud é gur shníugh tú isteach cheana, cliceáil do chuntas.
- 5 - Lean na treoracha ar an scáileán.

An bhfuil cúnamh ag teastáil uait?

Má tá d'Ainm Skype nó pasfhocal dearmadta agat, nó má tá fadhbanna agat ag síniú isteach, tabhair cuairt ar www.skype.com/support le do thoil

Cuntas Nua Skype

Mura bhfuil **Ainm Skype** agus **Pasfhocal** agat fós, is féidir leat cuntas nua Skype a chruthú ar do ríomhaire. A thuisce is atá an cuntas nua cruthaithe agat, is féidir leat d'Ainm Skype agus pasfhocal a úsáid chun síniú isteach ar an teilifís.

Chun cuntas nua Skype a chruthú ar do ríomhaire, téigh go dtí www.skype.com

Cuntas Microsoft

Má tá Cuntas Microsoft agat, is féidir leat an cuntas seo a úsáid chun síniú isteach go Skype ar an teilifís.

Chun síniú isteach le cuntas Microsoft...

- 1 - Ar an leathanach Skype **Sínigh isteach**, cliceáil **Sínigh isteach le cuntas Microsoft**.
- 2 - Cliceáil **Ar Aghaidh**. Osclóidh an teilifís an leathanach sínithe isteach do do chuntas Microsoft.
- 3 - Cuir isteach do ríomhphost agus pasfhocal don chuntas Microsoft.
- 4 - Cliceáil **Leag isteach**.

Ní féidir Glaonna Éigeandála a dhéanamh le Skype

Ní ionad atá i Skype don teileafón agus ní féidir é a úsáid do ghlaonna éigeandála.



20.3

Roghchlár Skype

Nuair atá sínithe isteach agat go rathúil, osclaíonn Skype an **roghchlár Skype**.

Is iad na míreanna roghchláir Skype...

• Mo phróifil

I Mo phróifil, is féidir leat féachaint ar do phróifil phearsanta do Skype agus í a athrú. Is féidir leat do stádas, pictiúr próifile, uimhir fóin agus tuilleadh a shocrú. Tá roinnt socruithe ann nach féidir iad a athrú ach amháin ar an ríomhaire.

• Daoine

In Daoine, is féidir leat glao Skype a dhéanamh agus do chuid teagmhálaithe a bhainistiú.

• Stair

In Stair, is féidir leat féachaint ar na glaonna atá cailte agat, na glaonna atá déanta agus éisteacht le teachtaireachtaí Gutha.

• ⓘ Glaoghs fón

In Glaoghs fón, is féidir leat glaoch ar líne thalún nó ar uimhir fón shoghluaise tríd an uimhir a dhiallú ar cheap diaile. Ní mór Creidmheas Skype nó subscríbhinn Skype a bheith agat chun glaoch ar uimhir fón.

• ⚒ Socruithe

In Socruithe, is féidir leat do phasfhocal a athrú, do shocruithe príobháideachta agus teachtaireachtaí Gutha a shocrú nó féachaint ar do theagmhálaithe blocáilte agus go leor eile. Is féidir leat freisin síniú amach as Skype ón roghchlár Socruithe.

• 📱 Ar ais ag an Teilihís

Chun Skype a dhúnadh agus leanúint le féachaint ar theilihís. Beidh do theagmhálaithe in ann glaoch ort i gcónaí.

20.4

Daoine

Do Theagmhálaithe

In Daoine, is féidir leat liosta do **theagmhálaithe Skype** a fháil.

Taispeántar do theagmhálaithe lena bpictíúr próifíle agus a **nAinm Skype**. Nuair atá ponc uaine ar taispeáint in aice lena n-ainm, tá teagmhálaithe ar líne agus ar fáil le haghaidh ghlaobh Skype. Ní féidir ponc uaine a bheith in aice le teagmhálaithe a cuireadh isteach trí uimhir fón chun taispeáint an bhfuil siad ar fáil.

Cuir isteach Teagmhálaí

Cuir Teagmhálaí Skype leis an liosta

In Daoine, ar liosta de do theagmhálaithe é, is féidir leat teagmhálaí nua Skype a chur isteach.

Má tá Ainm Skype nó ríomhphost cara ar eolas agat, is féidir do theagmhálaí a aimsiú go héasca. Mura bhfuil a nAinm Skype nó ríomhphost ar eolas agat, is féidir leat iarracht a dhéanamh iad a aimsiú tríd a n-ainmneacha a úsáid.

Chun teagmhálaí Skype a chur leis an liosta...

1 - Ar an leathanach Daoine, cliceáil **👤 Cuir cara leis an liosta**.

2 - Cuir isteach **Ainm Skype** nó seoladh ríomhphoist do theagmhálaí nua. Is féidir leat freisin trial a bhaint as ainm a chur isteach. Nuair atá sé sin déanta agat, cliceáil **Cuardaigh Skype**.

3 - Déanfaidh Skype cuardach don teagmhálaí atá uait agus taispeánfaidh sé na torthaí cuardaigh duit.

4 - Cliceáil ar an teagmhálaí atá uait agus roghnaigh **Cuir teagmhálaí leis an liosta**.

5 - Scríobh an t-iarratas agus cliceáil **Seol**. Seolfaidh Skype an teachtaireacht iarratais chuig do theagmhálaí nua.

Má ghlacann an teagmhálaí leis na iarratas, taispeánfar Ainm Skype an teagmhálaí nua i do liosta agus is féidir leat glaoch ar do theagmhálaí ar Skype.

Cuir Uimhir Teileafóin leis an liosta

In **Daoine**, ar liosta de do chuid teagmhálaithe é, is féidir leat uimhir teileafóin a chur isteach mar theagmhálaí. Is féidir glaoch ar theileafón le glao Gutha Skype. Teastaíonn Creidmheasanna Skype uait chun glao teileafóin a dhéanamh.

Chun uimhir teileafóin a chur leis an liosta...

1 - Ar an leathanach Daoine, cliceáil **Cuir cara leis an liosta**.

2 - Cliceáil **Cuir uimhir teileafóin leis an liosta**.

3 - Chun ainm do theagmhálaí a chur isteach, cliceáil **Cuir isteach ainm**. Cuir isteach ainm agus cliceáil **Sábháil** nuair atá sé sin déanta agat.

4 - Cliceáil **Cuir uimhir leis an liosta** in aice leis an gcineál uimhir fón a bhfuil uait í a chur leis an liosta.

5 - Cliceáil ar thír ar bith. Déan cuardach don thír cheart don uimhir fón seo agus cliceáil ar an mbratach atá comhfheagrách léi.

6 - Cuir isteach uimhir fón do theagmhálaí.

7 - Cliceáil **Sábháil**. Is féidir leat uimhir fón eile a chur isteach don teagmhálaí seo nó **Cuir leis an liosta teagmhálaithe** a bhrú nuair atá sé sin déanta agat.

Glac le iarratas Teagmhálaí

Nuair a fhraigheann tú **iarratas teagmhálaí**, taispeánfar an teagmhálaí ar an leathanach Daoine. Taispeánfar an deilbhín **👤** in aice lena n-ainm.

Chun glacadh le iarratas teagmhálaí...

1 - Ar an leathanach **Daoine**, cliceáil an teagmhálaí.

2 - Cliceáil **Glac**. Is féidir leat glaoch anois ar do theagmhálaí nua agus a stádas ar líne a fheiceáil.

Bain as agus Blocáil Teagmhálaí

Is féidir leat teagmhálaí Skype a bhaint as agus a bhlocáil. Ní bheidh an teagmhálaí in ann teagmhálaí a dhéanamh leat ar Skype. Bainfear ó do liosta teagmhálaithe freisin iad.

Ní chuirfear an teagmhálaí blocáilte ar an eolas. Taispeánfar do stádas mar as líne ina liosta teagmhálaithe.

Is féidir leat i gcónaí teagmhálaithe atá blocáilte agat a dhíbhlocáil. Cuirfear ar ais le do liosta teagmhálaithe iad.

Ní féidir uimhreacha fón a bhlocáil. Ní féidir ach iad a bhaint ó do liosta teagmhálaithe.

Chun teagmhálaí a bhaint as agus a bhlocáil...

1 - Ar an leathanach **Daoine**, cliceáil ar an teagmhálaí a bhfuil uait é a bhlocáil.

2 - Cliceáil **Bain an Teagmhálaí seo as agus Blocáil** é.

3 - Cliceáil **Bain As**. Bainfear an teagmhálaí ó do liosta teagmhálaithe agus ní bheidh sé nó sí in ann teagmháil a dhéanamh leat.

Chun teagmhálaí a dhíbhlocáil...

1 - Sa roghchlár Skype, cliceáil **Socruithe**.

2 - Roghnaigh **Slándáil > Bainistigh teagmhálaithe blocáilte**.

3 - Lean na treoracha ar an scáileán.

Athainmnigh Teagmhálaí

Chun teagmhálaí a athainmniú...

1 - Ar an leathanach **Daoine**, cliceáil ar an teagmhálaí a bhfuil uait é a athainmniú.

2 - Cliceáil **Cuir in Eagar** in aice le hainm do theagmhálaí.

3 - Cuir isteach an t-ainm nua don teagmhálaí seo agus cliceáil **Sábháil**.

20.5

Ag déanamh glao ar Skype

Glaof Físe nó Gutha

Glaof Físe a dhéanamh

Chun Glaof físe a dhéanamh...

1 - Ar an leathanach **Daoine**, roghnaigh an teagmhálaí a bhfuil uait glaoch air.

2 - Roghnaigh **Glaof físe**. Má tá do theagmhálaí ar Skype, agus ceamara Skype nasctha aige agus má fhreagraíonn sé an glao, is féidir leat an duine seo a fheiceáil ar an teilihís.

3 - Chun deireadh a chur leis an nglao, cliceáil ↗ **Cuir deireadh le glao**.

Nuair atá do cheamara Skype casta air, lastar táscaire LED gorm. Is féidir leat seiceáil a dhéanamh ar a bhfuil le feiceáil ag do theagmhálaí sa scáileán beag ag bun an scáileán teilihís ar thaobh na láimhe deise.

Chun an ceamara Skype a chasadadh as, cliceáil 🔍 **Fís As**. Chun é a chasadadh air arís, cliceáil 🔍 **Fís Air**.

Chun do mhicreatfón a bhalbhú, cliceáil 🎤 **Mic As**. Chun é a chasadadh air arís, cliceáil 🎤 **Mic Air**.

Glaof Gutha a dhéanamh

Déan **Glaof gutha** chun glaoch gan fíis, leis an gceamara casta as.

Chun Glaof gutha a dhéanamh...

1 - Ar an leathanach **Daoine**, cliceáil ar an teagmhálaí a bhfuil uait glaoch air.

2 - Roghnaigh **Glaof gutha** agus brúigh OK. Má tá do theagmhálaí ar Skype agus má fhreagraíonn sé an glao, is féidir leat labhairt le do theagmhálaí.

3 - Chun deireadh a chur leis an nglao, cliceáil ↗ **Cuir deireadh le glao**.

Is féidir le teagmhálaí tú a chur le glao gutha a bhfuil níos mó ná rannpháirtí amháin ann. Ní féidir leat rannpháirtí breise a chur leis an nglao tú féin.

Ag Glaoch ar Theileafóin

Is féidir leat glaonna ar chostas íseal a dhéanamh d'fhóin shoghluiste agus do línte talún le Skype. Ní mór Creidmheas Skype nó suibscríbhinn do Skype a bheith agat chun glaoch ar fhóin.

Chun glaoch ar theileafón...

1 - Ar an leathanach **Daoine**, cliceáil ar theagmhálaí uimhir teileafóin.

2 - Cliceáil ar an uimhir. Ní mór duit **Creidmheasanna Skype** a bheith ar fail nó Suibscríbhinn Skype a bheith agat chun glao a dhéanamh le huimhir teileafóin. Má fhreagraíonn do theagmhálaí an glao, is féidir leat labhairt le do theagmhálaí.

3 - Chun deireadh a chur leis an nglao, cliceáil ↗ **Cuir deireadh le glao**.

Is féidir leat glaoch ar uimhir teileafóin go díreach le Skype freisin. Is féidir leat an uimhir teileafóin a chur isteach leis an gceap diallithe.

Chun an ceap diallithe a oscailt...

1 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil **Glaogh ar fhóin**.

2 - Cliceáil **Roghnaigh thír** chun an réamhuimhir thíre a chur isteach. Déan guardach don thír atá uait agus cliceáil a hainm agus bratach.

3 - Téigh ar ais go **Glaogh fóin**.

4 - Cliceáil ar na huimhreacha ar an gceap diaile chun an uimhir teileafóin a chur isetach.

5 - Cliceáil **Glaogh**.

6 - Chun deireadh a chur leis an nglao, cliceáil ↗ **Cuir deireadh le glao**.

Ní féidir glao éigeandála a dhéanamh le Skype

Ní ionad atá i Skype don teileafón agus ní féidir é a úsáid do għlaonna éigeandála.



Glacadh le Glaof

Nuair atá tú sínithe isteach go Skype agus ag féachaint ar an teilihís, tabharfaidh clingthon agus teachtaireacht ar an scáileán foláireamh duit faoi għlao ag teacht isteach. Taispeánfaidh an teachtaireacht an duine atá ag glaoch agus is féidir leat an glao a fhreagaġit nō a dhiúltu.

Chun an glao a fhreagaġit, cliceáil 🔍 – Glaogh le fis.

Chun an glao a fhreagaġit leis an gceamara casta as, cliceáil ↗ – Glaogh le fuaim.

Chun an glao a dhiúltú, cliceáil ↗ chun an glao a dhiúltú.

Stair

Ar an leathanach **Stair** ar roghchlár Skype, gheobhaidh tú liosta de na glaonna atá déanta agat ar an teilifís. Aimseoidh tú na glaonna a chaill tú agus is féidir leat éisteacht le teachtaireachtaí Gutha.

Braitheann an méid ama a choinnítear d'eachtraí Skype sa liosta staire seo ar an lín teagmhálaithe atá agat agus a mhinicí a úsáideann tú Skype.

Teachtaireachtaí Gutha

Maidir le Teachtaireachtaí Gutha

Má ghlaonn duine ort ar Skype agus mura nglacfaidh tú leis an nglao, is féidir leis nó léi teachtaireacht labhartha a fhágáil ar **Theachtaireachtaí Gutha Skype**. Má ghlaonn tú ar theagmhálaí agus mura bhfuil siad in ann glacadh leis an nglao, is féidir leat Teachtaireacht Gutha a sheoladh chuig do theagmhálaí.

Chun Teachtaireacht Gutha a sheoladh nó chun glacadh le ceann, ní mór duit - nó do theagmhálaí - Teachtaireachtaí Gutha Skype a shocrú ar dtús. Is féidir leat Teachtaireachtaí Gutha a shocrú ar do ríomhaire. Téigh go www.skype.com

Teachtaireacht Gutha a Thaifeadadh

Má tá teachtaireachtaí Gutha gníomhachtaithe ag do theagmhálaí, is féidir leat teachtaireacht gutha a fhágáil mura bhfreagróidh siad do ghlaao.

Chun Teachtaireacht Gutha a thaifeadadh...

- 1 - Glaoigh ar theagmhálaí. Mura bhfreagrófar do ghlaao, molfaidh Skype duit **Teachtaireacht gutha** a sheoladh.
- 2 - Fág do theachtaireacht tar eis na bípe.
- 3 - Chun an taifeadadh a stopadh, cliceáil **Cuir deireadh le glao**.

Teachtaireacht Gutha a sheinnt

Is féidir le teagmhálaí Teachtaireacht Gutha a sheoladh chugat. Is féidir leat Teachtaireacht Gutha a sheinnt ón leathanach Stair.

Chun Teachtaireacht Gutha a sheinnt...

- 1 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil **Stair**.
- 2 - Cliceáil an **Teachtaireacht Gutha** a bhfuil tú ag iarraidh é a sheinnt.
- 3 - Cliceáil ☎ chun an Teachtaireacht Gutha a sheinnt. Is féidir leat éisteacht le Teachtaireacht Gutha a mhinicí is atá tú ag iarraidh.

20.6

Creidmheas Skype

Is féidir leat Creidmheas Skype nó suibscríbhinn Skype a thógáil amach ar Skype. Nuair atá Creidmheas Skype nó suibscríbhinn Skype ar fáil, is féidir leat glaonna ar chostas íseal a dhéanamh d'fhón shoghluaiste agus do línte talún le do theilifís.

Creidhmheas Skype a cheannach

Chun Creidhmheas Skype a cheannach nó suibscríbhinn Skype a thógáil amach, sínígh isteach go Skype ar do ríomhaire. Beidh an Creidmheas Skype a cheannaíonn tú ar fáil nuair a shíníonn tú isteach go Skype ar do theilifís.

Taispeánfar an méid creidmheasa nó an t-eolas suibscríbhinne ar gach leathanach ar féidir leat glao fón a dhéanamh ann.

Creidmheas Skype íseal

Tabharfar fógra duit má tá do chreidmheas ró-íseal chun glao fón a dhéanamh.

20.7

Socruithe Skype

Cuimhnigh ar mo phasfhocal

Má úsáideann tú an cuntas céanna Skype ar an teilifís i gcónaí, is féidir leat Skype a shocrú chun dul thar an leathanach sínithe isteach.

Ar an leathanach sínithe isteach, cliceáil an ticbhosca in aice le **Cuimhnigh ar mo phasfhocal**. Mura síneoidh tú amach as Skype agus má théann tú ar ais ag féachaint ar an teilifís nó má chasann tú as an teilifís – an chéad uair eile a thosaíonn tú Skype, osclóidh sé ar do leathanach Daoine. Ní gá duit síniú isteach ar dtús.

Ginearálta

Creidmheas Skype

Chun an méid Creidmheas Skype atá agat a sheiceáil...

Tosaigh Skype agus cliceáil ⚙ Socruithe > Ginearálta > **Creidmheas Skype**.

Téarmaí agus Coinníollacha Skype

Chun Téarmaí agus Coinníollacha Skype nó Polasaí Príobháideachta Skype a léamh...

Tosaigh Skype agus cliceáil ⚙ Socruithe > Ginearálta > **Téarmaí agus Coinníollacha** nó Polasaí Príobháideachta.

Slándáil

Athraigh Pasfhocal

Is féidir leat go pasfhocal Skype reatha agus pasfhocal nua a chur isteach do do chuntas Skype.

Chun do phasfhocal a athrú...

- 1 - Síorghisteach do Skype le do chuntas.
- 2 - Sa **rogchlár Skype**, cliceáil  **Socruthe**.
- 3 - Cliceáil **Slándáil** agus cliceáil **Athraigh pasfhocal**.
- 4 - Lean na treoracha ar an scáileán.

Teagmhálaithe Blocálte

Is féidir leat féachaint ar liosta de do theagmhálaithe blocálte. Is féidir leat teagmhálaithe a dhíbhlocáil sa liosta seo.

Chun an liosta a oscailt...

- 1 - Síorghisteach do Skype le do chuntas.
- 2 - Sa **rogchlár Skype**, cliceáil  **Socruthe**.
- 3 - Cliceáil **Slándáil > Bainistigh Teagmhálaithe Blocálte**.

Glaonna Isteach

Is féidir leat Skype a shocrú chun glaonna Skype ag teacht isteach a shrianú.

Chun an srianadh a shocrú...

- 1 - Síorghisteach do Skype le do chuntas.
- 2 - Sa **rogchlár Skype**, cliceáil  **Socruthe**.
- 3 - Cliceáil **Slándáil > Ceadaigh glaonna ó > Dhuine ar bith nó Mo theagmhálaithe amháin**.

Mo Phictiúr Próifíle

Is féidir leat Skype a shocrú chun taispeáint do phictiúr próifíle a shrianadh.

Chun an srianadh a shocrú...

- 1 - Síorghisteach do Skype le do chuntas.
- 2 - Sa **rogchlár Skype**, cliceáil  **Socruthe**.
- 3 - Cliceáil **Slándáil > Taispeáin Mo phictiúr próifíle > Duine ar bith nó Mo theagmhálaithe amháin**.

Foláirimh

Is féidir leat foláirimh Skype a shocrú do Ghlaeo isteach, larratas teagmhálaí, Teachtaireacht gutha nó Glaeo cailte. Is féidir leat freisin an foláireamh do Ghlaonna isteach agus airde fuaime an Chlingthoin a shocrú.

Chun na foláirimh Skype a shocrú...

- 1 - Síorghisteach do Skype le do chuntas.
- 2 - Sa **rogchlár Skype**, cliceáil  **Socruthe**.
- 3 - Cliceáil **Foláirimh**.

Ceamara

Suí Ceamara

Is féidir leat amharcphointe do cheamara a shocrú. Is féidir leat zúmáil isteach nó amach, nó an fráma ceamara a pheanáil nó a chlaonadh.

Chun amharcphointe an cheamara a shocrú...

- 1 - Síorghisteach do Skype le do chuntas.
- 2 - Sa **rogchlár Skype**, cliceáil  **Socruthe > Ceamara**.
- 3 - Chun zúmáil isteach, cliceáil  (plus). Chun zúmáil amach, cliceáil  (lúide). Chun an fráma ceamara a astriú (peanáil), cliceáil na saigheada san fómhá ar chlé nó ar dheis. Chun an fráma ceamara a chlaonadh, cliceáil na saigheada suas nó síos.
- 4 - Cliceáil **Sábháil** chun amharcphointe an cheamara a stóráil.

20.8

Ar ais chuig an Teilifís

Cliceáil  **Ar ais ag an Teilifís** chun Skype a dhúnadh agus leanúint ag féachaint ar theilifís.

Beidh do theagmhálaithe in ann glaoch ort i gcónaí.

20.9

Sínigh amach:

Nuair a shíníonn tú amach as Skype, ní bheidh do theagmhálaithe in ann glaoch ort.

Chun síniú amach...

- 1 - Sa **rogchlár Skype**, cliceáil  **Socruthe**.
- 2 - Cliceáil **Sínigh amach**.

Multi Room

21.1

Maidir le Multi Room

Is féidir leat féachaint ar chlár teilifíse a thagann ó theilifís eile i do theach le Multi Room. Déantar an clár a shruthú ó theilifís amháin go teilifís eile. Is féidir leat clár a shruthú go teilifís nach bhfuil aon nasc aeróige aige nó nach bhfuil suibscríbhinn Chárta cliste dá chuid féin aige. Is féidir leat freisin clár taifeadta a shruthú ó theilifís a bhfuil Diosca Crua nasctha aici.

Ní mór don teilifís a shruthaíonn an clár go dtí an teilifís eile a bheith casta air agus ní mór di tiúináil go dtí an cainéal nó an taifeadadh a sheinnt.

Laghdófar an taifeach pictiúir go 720p ar a mhéad nuair a shruthaftear clár teilifíse le hllamharc. Ní féidir leat cainéil raidió a shruthú. Cosnaíonn roinnt craoltóirí a gcláir chun an cineál sin sruthaithe a chosc.

21.2

A bhfuil de dhíth ort

Chun clár teilifíse a shruthú ó theilifís amháin go ceann eile, ní mór don chlár teacht ó chainéal teilifíse digití.

Ní mór don dá theilifís a bheith nasctha le do lónra baile gan sreang. Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh  **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Lónra gan Sreang**.

Anuas air sin, ní mór don dá theilifís uimhir múnla Philips a bheith acu a chríochnaíonn le 8 nó níos airde - e.g. **xxxxxx8** nó **xxxxxx9**. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach an teilifís níos sine a nuashonrú leis na bogearraí is deireanaí. Léigh an chaibidil Cabhair maidir le bogearraí a nuashonrú ar an teilifís níos sine.

Cintígh go bhfuil an socrú **Cas air le Wi-Fi (WoWLAN)** casta air ag an dá theilifís i suiteáil na teilifíse.

Chun an socrú seo a sheiceáil ar an teilifís seo...

- 1 - Brúigh  agus brúigh  (clé) **Suiteáil**.
- 2 - Cliceáil **Lónra** agus cliceáil **Cas air le Wi-Fi (WoWLAN)**.
- 3 - Cliceáil **Air**.
- 4 - Brúigh  **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ní mór don teilifís a shruthaíonn an clár go dtí an teilifís eile a bheith casta air agus ní mór di tiúináil go dtí an cainéal nó an taifeadadh a sheinnt.

21.3

Ag Úsáid Multi Room

Tosaigh

Nuair a thosaíonn tú Multi Room den chéad uair, cas air an dá theilifís.

A thuisce is a bheidh nasc déanta idir an teilifís seo agus an teilifís eile, taispeánfar an ceann eile go huathoibríoch sa roghchlár **Brabhsáil lónra** fiú nuair atá sé ar Fuireachas.

Cainéal teilifíse a shruthú

Is féidir leat féachaint ar an gcainéal teilifíse reatha le hllseomra nó liosta cainéal na teilifíse eile a oscailt. Má roghnaíonn tú cainéal ón liosta, athróidh an teilifís eile go dtí an cainéal atá roghnaithe agat. Má tá tiúnóir satalíte ionsuite ag an teilifís eile agus cainéil suiteáilte nó Tiomántán Diosca Crua (HDD) a bhfuil taifeadtaí air*, is féidir leat féachaint orthu sin freisin ar an teilifís seo. Ní féidir leat cainéil a athrú nuair atá an teilifís eile i mbun taifeadta, i móid Cuir Teilifís ar Sos nó i mbun úsáide Skype.

Chun féachaint ar chainéal teilifíse ón teilifís eile . . .

- 1 - Bí cinnte go bhfuil an teilifís eile ar Fuireachas* nó casta air.
- 2 - Brúigh  **SOURCE** ar an teilifís seo, roghnaigh **Brabhsáil lónra** agus brúigh **OK**.
- 3 - Mura bhfuil an teilifís nasctha le do lónra baile fós, tosóidh an tsuiteáil lónra go huathoibríoch. Má tá an teilifís nasctha cheana féin, gabh ar aghaidh go dtí céim 4.
- 4 - Sa roghchlár **Brabhsáil lónra**, roghnaigh ainm na teilifíse eile agus brúigh **OK**. Má tá go leor teilifíseanna i do theach agat, d'fhéadfá a bheith ag iarraidh ainm na teilifíse eile a athrú. Is féidir leat é sin a dhéanamh ar an teilifís féin.
- 5 - Roghnaigh a bhfuil uait féachaint air ón teilifís eile. . .
 - Chun féachaint ar chainéal reatha na teilifíse eile, roghnaigh **Cainéal reatha** agus brúigh **OK**.
 - Chun liosta cainéal na teilifíse eile a oscailt, roghnaigh **Féach ar theilifís** agus brúigh  (Deas).
 - Chun liosta cainéal satalíte na teilifíse eile a oscailt, roghnaigh **Féach ar Shataillit** agus brúigh  (Deas).
 - Chun liosta na dtaifeadtaí* ar an teilifís eile a oscailt, roghnaigh **Féach ar thaifeadtaí** agus brúigh  (Deas).
 - Is féidir leat cainéil a athrú le + agus  -. Ní féidir leat cainéil a athrú nuair atá an teilifís eile i mbun taifeadta, i móid Cuir teilifís ar sos nó i mbun úsáide Skype.

* Chun an teilifís eile a chasadh air ó Fhuireachas nó chun féachaint ar a taifeadtaí ó HDD nasctha, ní mór uimhir cineáil a chríochnaíonn le hocht a bheith ag an dá theilifís, m.sh. (méid an scáileáin) **PFLxxx8**.

Ainm na teilifíse

Chun ainm na teilifíse a athrú . . .

Brúigh  > Suiteáil > Socruithe líonra > Ainm an líonra teilifíse.

Roinn é seo...

Is féidir leat an cainéal agus ainm an chláir a bhfuil tú ag féachaint air a roinnt nó seoladh Idirlín an láithreán gréasáin a bhfuil tú air a roinnt leis an eochair **Roinn é seo** ↲ ar chúl an Chiannáltáin agus in aice leis an méarchlár ar thaobh na láimhe deise. Is féidir leat teideal agus eolas cláir atá roghnaithe san Eolaire Teilifíse a roinnt nó ainm an Fheidhmchláir agus a dheilbhín ó Smart TV a roinnt. Is féidir leat na rudaí seo ar fad a roinnt ar Facebook nó Twitter nó aon líonra sóisialta atá ar fáil ar leathanaigh Feidhmchláir do Smart TV.

Ní mór do do theilifís a bheith naschta leis an Idirlón.

Chun an rud a bhfuil tú ag féachaint air nó atá roghnaithe agat anois a roinnt...

- 1 - Brúigh ↲ chun an roghchlár **Roinn é seo** a oscailt.
